# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2021

NOAC
National Oversight and Audit Commission

# Clár Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh 4

Achoimre Fheidhmeach 6

Ballraíocht NOAC 8

Beathaisnéisí na gComhaltaí 9

Grúpaí Oibre NOAC 13

Próiseas Grinnscrúdaithe NOAC 22

Rannpháirtíocht NOAC 37

Acmhainní & Caiteachas 38

Aguisíní:

- *Tinreamh ag Cruinnithe* *39*
- *Téarmaí Tagartha* *40*



# Ráiteas an Chathaoirligh

**Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) a chur i láthair don bhliain féilire dar críoch an 31 Nollaig 2021.**

Is í seo an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid NOAC agus, le bliain eile tagtha chun deireadh, is cúis áthais dom breathnú siar ar na dúshláin, ar na héachtaí agus ar na freagairtí uathúla a dtug muid ar fad aghaidh orthu le linn an ama sin. Lena shainchúram reachtúil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil rialtais áitiúil, lean NOAC air ag cinntiú go gcuireann rialtas áitiúil luach ar airgead ar fáil, agus prionsabail an rialachais chuí á gcoinneáil chun tosaigh ag an am céanna. Tá an ról seo chomh tábhachtach agus a bhí riamh, ós rud é gur lean an timpeallacht oibre dhúshlánach don earnáil rialtais áitiúil in 2021, go háirithe maidir leis an staid leanúnach a bhain le Covid.

Is beag ócáid, má bhí a leithéid ann ar chor ar bith, a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas inar taispeánadh tábhacht an rialtais áitiúil ar bhealach chomh follasach. I rith na bliana, lean údaráis áitiúla ar aghaidh ag obair chun cabhrú le saoránaigh, le gnólachtaí agus le pobail ar bhealach praiticiúil.
Baineadh é seo amach ar go leor bealaí, ach ba trí na scéimeanna Deontais d'Atosú, trí thionscnamh Glao an Phobail agus trí fhor-rochtain, i measc bealaí eile, ba mhó a bhí sé le feiceáil agus ag an am céanna coinníodh na seirbhísí riachtanacha ag imeacht.

In ainneoin na n-éifeachtaí diúltacha a bhí ag Covid, lean Bord NOAC air ag tionól a chuid cruinnithe ar líne agus d'éirigh go han-mhaith leis sin.

Mar sin féin, cuireann sé aiféala orm a nótáil nach raibh sé de phléisiúr ag cuid mhaith againn bualadh le cuid dár gcomhghleacaithe nua chuig an mBord go fóill. Chomh maith leis sin, tionóladh gach cruinniú grinnscrúdaithe Céim 2 le húdaráis áitiúla, a thionóltar go pearsanta de ghnáth, ar líne ina ionad sin. Mar sin féin, d'éirigh le NOAC trí chruinniú grinnscrúdaithe Céim 1 a óstáil in áitreabh údaráis áitiúil Chomhairle Contae na Mí, Bhaile Átha Cliath Theas agus Fhine Gall nuair a tháinig maolú ar na srianta agus nuair a ceadaíodh iad. Bhain an dá thaobh, na húdaráis áitiúla lena mbaineann agus NOAC araon, leas as sin.

Ghlac NOAC páirt i roinnt gníomhaíochtaí eile agus rinne muid go leor dul chun cinn i rith na bliana. San áireamh leis sin bhí óstáil dhá Cheardlann Eolais fhíorúla maidir leis na treoirlínte do Tháscairí Feidhmíochta i mí Feabhra agus i mí Aibreáin 2021. Thug sé seo eolas nuashonraithe d'údaráis áitiúla maidir lena n-ionchur agus a bhfreagrachtaí as an eolas atá le soláthar don tuarascáil bhliantúil ar Tháscairí Feidhmíochta. Ag teacht as an obair sin, óstáladh sé chruinniú bailíochtaithe le húdaráis áitiúla roghnaithe idir Meitheamh agus Lúnasa 2021.

Reáchtáil NOAC an Seimineár bliantúil maidir le Dea-Chleachtas freisin, i gcomhar leis an LGMA agus an CCMA i mí na Samhna 2021.

Bhí an t-ádh orainn ócáid ar an láthair a bheith againn i gCaisleán Chill Chainnigh agus ócáid mhór ar líne a reáchtáil freisin. Thug sé seo deis dúinn teacht i láthair lucht féachana níos leithne fós. Tá an t-imeacht seo anois ina lárfhócas ag NOAC ó thaobh a bhfuil i gceist againn a chur i láthair maidir leis an méid a léiríonn sé; ag tabhairt le chéile na cleachtóirí ar fad san earnáil rialtais áitiúil, áit ar féidir dea-chleachtas a leagan amach, a roinnt agus a athchruthú nuair is cuí, ar fud údaráis áitiúla éagsúla. Tá mé buíoch de na láithreoirí agus na rannpháirtithe ar fad a bhí ag an ócáid sin. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Peter Burke, T.D., an tAire Stáit um Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, as a bheith i láthair ar an lá agus an t-aitheasc tosaigh a thabhairt.

Chuir NOAC mórán tuarascálacha éagsúla i dtoll a chéile i rith na bliana. Ar na cinn is tábhachtaí, tá na tuarascálacha grinnscrúdaithe a bhaineann leis na cruinnithe idir na húdaráis áitiúla ar leith agus NOAC. Chomh tábhachtach céanna tá tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha na n-údarás áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2019-2024 a foilsíodh i mí na Samhna 2021. Rinneadh athbhreithniú sa tuarascáil sin ar leordhóthanacht Phleananna Corparáideacha na n-údarás áitiúil agus na dTionól Réigiúnach agus tacaíonn sé tuilleadh le forbairt an dea-chleachtais i bpleanáil chorparáideach sna húdaráis áitiúla. Mar is gnách, chuir NOAC a thuarascáil bhliantúil ar Tháscairí Feidhmíochta ar fáil freisin, rud a ligeann d'údaráis áitiúla féachaint ar an áit a bhfuil siad ag feidhmiú go maith agus athbhreithniú a dhéanamh ar aon réimsí ina bhféadfaí feidhmíocht a fheabhsú.

Chuaigh beirt chomhaltaí boird, Constance Hanniffy agus Martina Moloney, ar scor i rith na bliana. Bhí an bheirt chomhaltaí seo ina gcomhaltaí de NOAC ó bunaíodh é agus is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as a gcuid ama, a dtiomantas, a saineolas agus an méid ollmhór a thug siad do NOAC le linn a dtréimhse. Bhí an t-ádh ar NOAC freisin ceathrar comhaltaí nua a cheapadh le linn 2021, a bhfuil réimse leathan taithí agus tallainne acu eatarthu, agus is dea-thuar é sin don todhchaí.

Mar is gnáth, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rúnaíocht NOAC as a gcuid oibre crua agus a dtacaíocht leanúnach do Bhord NOAC. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár gcomhghleacaithe ar fad, lena n-áirítear na Príomhfheidhmeannaigh agus comhordaitheoirí sonraí na dtáscairí feidhmíochta ó na húdaráis áitiúla as eolas a chur ar fáil agus as freastal ar chruinnithe le NOAC le linn 2021.
Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus leis na comhlachtaí, na gníomhaireachtaí agus na ranna eile a bhí i mbun idirchaidrimh le NOAC chun tacú lena chlár oibre le linn 2021.

**Michael McCarthy**
Cathaoirleach

5ú Aibreán 2022

# Achoimre Fheidhmeach

## Cheadaigh comhaltaí NOAC an tuarascáil seo ar an 5 Aibreán 2022.

Is í seo an t-ochtú tuarascáil bhliantúil den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC), lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Bunaíodh NOAC in 2014 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil rialtais áitiúil in Éirinn. Tá sé mar ghné lárnach de chlár oibre athchóirithe rialtais áitiúil a d'eascair as na moltaí atá leagtha amach sa Chlár Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil Éifeachtach agus a bhfuil an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 mar bhonn agus mar thaca aige.

Cuirtear tuarascálacha agus moltaí NOAC faoi bhráid príomhchinnteoirí san earnáil rialtais áitiúil chomh maith le Comhchoiste ábhartha Thithe an Oireachtais.

Le linn 2021, d'fhoilsigh NOAC roinnt tuarascálacha agus doiciméad agus d'óstáil sé ceardlanna lena n-áiríodh:

- Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2019 -2024
- Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2020
- Seimineár ar Dhe-Chleachtas 2021
- Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2020 agus Ceardlann maidir le Treoirlínte

I measc phríomhghníomhaíochtaí NOAC tá tuarascálacha ar Tháscairí Feidhmíochta 2020, Pleananna Corparáideacha 2019-2024, Cód Caiteachais Phoiblí 2020 agus an Clár Grinnscrúdaithe/Cruinnithe Próifíle.

Is roinnt grúpaí oibre a dhéanann an chuid is mó d'obair NOAC. Bunaíodh na grúpaí oibre chun díriú ar réimsí áirithe agus chun tionscadail éagsúla a chur chun cinn. Is iad sin:

**GO1:** - Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

**GO2:** - Táscairí Feidhmíochta

**GO3:** - Cumarsáid agus Suirbhé ar Chustaiméirí

**GO4:** - Bainistiú Airgeadais agus Feidhmíocht

Is é an Cathaoirleach a dhéanann obair eile NOAC go díreach.

I mí Feabhra 2017, thosaigh NOAC, de réir a fheidhmeanna reachtúla, ar athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil ar leith. Tá an t-athbhreithniú faoi stiúir Chathaoirleach NOAC, le tacaíocht ó chomhaltaí an NOAC agus ón Rúnaíocht.

Le linn 2021, bhí sé chruinniú grinnscrúdaithe beartaithe ag NOAC. Mar gheall ar shrianta Covid, áfach, níorbh fhéidir ach trí chruinniú Chéim 1 a reáchtáil sa Mhí, i mBaile Átha Cliath Theas agus i bhFine Gall.
Tionóladh trí chruinniú Chéim 2 freisin le Luimneach, an Mhí agus Baile Átha Cliath Theas. Le linn 2021, foilsíodh 17 dtuarascáil ghrinnscrúdaithe ar an bpróiseas freisin.




Reáchtáil NOAC an ceathrú seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus CCMA, ar an 9 Samhain 2021 i gCaisleán Chill Chainnigh. Bhí an t-imeacht mar chuid de sheachtain Nuálaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Reáchtáladh an seimineár mar imeacht ar an láthair agus ar líne araon.

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh NOAC a Thuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2020, an seachtú tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta de chuid NOAC go dtí seo.

Áiríodh sa tuarascáil seo athbhreithniú bailíochtaithe ar shé údarás maidir le cruinneas agus iontaofacht sampla táscairí.

I mí na Samhna 2021, chuir NOAC tuarascáil le chéile ina ndearnadh measúnú ar Phleananna Corparáideacha 2019 go 2024 na n-údarás áitiúil agus na dTionól Réigiúnach.
I measc réimsí eile, scrúdaíodh sa tuarascáil an bealach a cuireadh na Pleananna Corparáideacha le chéile agus an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Arís i mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh NOAC tuarascáil eile a bhain le Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2020.

Tá sraith rialacha agus nósanna imeachta sa Chód Caiteachais Phoiblí a chinntíonn go seastar leis na caighdeáin seo ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann agus tugtar le chéile, in aon áit amháin, sonraí faoi oibleagáidí na ndaoine sin atá freagrach as airgead poiblí a chaitheamh.

Chomh maith lena chruinnithe rialta, bhí roinnt cruinnithe ag NOAC le daoine agus eagraíochtaí tábhachtacha eile. Ina measc siúd tá na daoine seo a leanas:

I mí Eanáir 2021, bhuail Cathaoirleach NOAC, Michael McCarthy, leis an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, (DETE) Leo Varadkar T.D., chun plé a dhéanamh ar shainchúram NOAC agus tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar ról maoirseachta NOAC maidir le ról na nOifigí Fiontair Áitiúil (LEO).

I mí Feabhra 2021, bhuail NOAC le DPER maidir leis na dúshláin airgeadais a bhí le sárú ag an rialtas áitiúil mar gheall ar Covid agus an Breatimeacht.

In Aibreán 2021, bhuail Cathaoirleach NOAC le hionadaithe ón LGMA chun plé a dhéanamh ar thodhchaí Shuirbhé Sástachta na nÚdarás Áitiúil agus ar an tuarascáil grafaice eolais 3 bliana a bhaineann leis.

# Ballraíocht NOAC

**Forordaítear ballraíocht NOAC go reachtúil mar sheisear ar a laghad agus naonúr ar a mhéad.**

Ag deireadh 2021, bhí naonúr comhaltaí boird ar Bhord NOAC.

Tháinig deireadh le téarmaí Constance Hanniffy agus Martina Moloney ar an 30 Meitheamh 2021.

Ceapadh Declan Breathnach agus Noel Harrington mar chomhaltaí boird ar an 28 Aibreán 2021. Ceapadh Ciarán Hayes agus Philomena Poole ar an 1 Iúil 2021.

Ó thaobh cothromaíocht inscne de, bhí cóimheas 66.66% go 33.33% idir fir agus mná ag ballraíocht NOAC ag deireadh na bliana 2021 agus ceapadh bean amháin agus triúr fear i rith na bliana. Ina theannta sin, ba bheag nár baineadh cóimheas cothromaíocht inscne 40% amach ar an mbord ag deireadh 2021 agus dá ndéanfaí leasú amháin ar chomhdhéanamh an bhoird bheadh an cuspóir seo sáraithe ag ballraíocht an bhoird.

Ó thaobh na staire de, tá treochtaí an-dearfacha bainte amach ag an mbord ó thaobh cóimheas cothromaíochta inscne ó 2014, agus cóimheas cothromaíochta inscne 40% bainte amach ag ballraíocht an bhoird i gcaitheamh an chuid is mó dá shaolré. Le bheith cruinn, bhain an bord cóimheas de thart ar 50% go 50% idir fir agus mná amach do na blianta 2016-2020 agus ba mhná formhór na gcomhaltaí in 2020 le cóimheas 43% go 57% idir fir agus mná.

Maidir le cothromaíocht inscne agus éagsúlacht NOAC, tá ionadaíocht inscne mar chuid lárnach den phróiseas agus comhaltaí boird á gceapadh agus cuireadh é sin san áireamh le linn ceapacháin a rinneadh chuig an mbord in 2021.

Is iad seo a leanas na comhaltaí agus sonraí a dtéarma:

## Comhaltaí agus sonraí a dtéarma

| Ról | Comhalta | Ceaptha | Athcheaptha | Deireadh an Téarma Reatha |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Michael McCarthy | 24/09/2018 | N/B | 23/09/2023 |
| **Comhaltaí** | Mary Hurley | 21/07/2020 | N/B | 20/07/2025 |
| | Brian Cawley | 04/09/2020 | N/B | 03/09/2023 |
| | Niall Quinn | 04/09/2020 | N/B | 03/09/2023 |
| | Margaret Lane | 04/09/2020 | N/B | 03/09/2023 |
| | Declan Breathnach | 28/04/2021 | N/B | 27/04/2024 |
| | Noel Harrington | 28/04/2021 | N/B | 27/04/2024 |
| | Ciarán Hayes | 01/07/2021 | N/B | 30/06/2024 |
| | Philomena Poole | 01/07/2021 | N/B | 30/06/2024 |
| | Constance Hanniffy | 01/07/2014 | 01/07/2019 | chríochnaigh an téarma 30/06/2021. |
| | Martina Moloney | 01/07/2014 | 01/07/2016 | chríochnaigh an téarma 30/06/2021 |

# Beathaisnéisí na gComhaltaí



## Michael McCarthy, Cathaoirleach

**Dátaí an Téarma: 24 Meán Fómhair 2018 – 23 Meán Fómhair 2023.**

Is é Michael Stiúrthóir Cloud Infrastructure Ireland. Ceapadh é mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta i mí Mheán Fómhair 2018. Toghadh é ina Theachta Dála do dháilcheantar Chorcaí Thiar Theas ó 2011 go 2016. Is iarbhall é de Choiste um Chuntais Phoiblí na Dála. Toghadh é chun Seanad Éireann don tréimhse 2002-2011. Bhí Michael ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go 2003.



## Constance Hanniffy

**Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 – 30 Meitheamh 2021.**

Is céimí de chuid OÉ Gaillimh í Constance Hanniffy agus tá BA (Onóracha) aici i Staidéar Pobail agus Teaghlaigh. Bhí sí ina comhalta tofa de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí ó 1974 go 2014 agus ina comhalta den Údarás Réigiúnach Lár-Tíre ó 1994 go 2014. Chomh maith leis sin, bhí sí ina comhalta de thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún ó 1998 go 2014. Tá sí ina Comhalta Boird d'Fhondúireacht Sue Ryder agus ina comhalta de Choiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Uíbh Fhailí. Is iarchomhalta í den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESF) agus de Choimisiún ar Dhílárú an Taoisigh (1995 -97) a chuir moltaí faoi bhráid an Rialtais maidir le hathchóiriú rialtais áitiúil. Bhí sí roimhe seo ina comhalta de Choiste Comhairleach na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an bPáipéar Uaine um Athchóiriú Rialtais Áitiúil. Is iarchomhalta í de Thionól Réigiúnach BMW agus iarchathaoirleach ar a choiste monatóireachta AE.



## Martina Moloney

**Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 – 30 Meitheamh 2021.**

Bhí Martina Moloney ina hoifigeach gairme i rialtas áitiúil na hÉireann ar feadh beagnach seacht mbliana is tríocha. Tá BA agus MA aici i mBainistiú Poiblí agus Dochtúireacht i Rialachas agus is comhalta í d'Institiúid na dTeicneoirí Cuntasaíochta. D'oibrigh sí in ocht n-údarás áitiúla agus bhí sí ina Stiúrthóir Pobail agus Fiontraíochta agus Seirbhísí Corparáideacha i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, sular ceapadh í mar Bhainisteoir Contae i gContae Lú agus ina dhiaidh sin mar Bhainisteoir Contae i nGaillimh sular éirigh sí as i mí Iúil 2014.



## Mary Hurley

**Dátaí an Téarma:** **21 Iúil 2020 – 20 Iúil 2025.**

Is í Mary Oifigeach an Aire agus tá sí ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



## Brian Cawley

**Dátaí an Téarma:** **4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Bhí Brian ina Ard-Stiúrthóir ar an bhForas Riaracháin (IPA) tráth agus faoi láthair oibríonn sé mar chomhairleoir neamhspleách ar athchóiriú na hearnála poiblí agus ar cheannaireacht agus bainistiú athruithe, ag obair le raon leathan cliant in Éirinn, sa CE agus go hidirnáisiúnta. Tá taithí fhairsing aige ar obair leis an rialtas láir agus áitiúil in Éirinn. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Ollscoil Leicester é Brian, agus tá MSc aige in Oiliúint agus Forbairt agus Dochtúireacht sna hEolaíochtaí Sóisialta.



## Margaret Lane

**Dátaí an Téarma:** **4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Is cóitseálaí d'fheidhmeannaigh í Margaret agus tá taithí fhairsing aici ar airgeadas agus acmhainní daonna ar fud na n-earnálacha tráchtála, leathstáit agus poiblí. Bhí post aici mar Stiúrthóir Straitéiseach Acmhainní Daonna, Ervia (máthairchuideachta do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann). I measc na bpost a bhí aici roimhe seo bhí Rólanna Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna, Grúpa Bhord Gáis agus Comhairle Cathrach Chorcaí. I measc na bpost eile atá aici, tá sí ina ball de Choiste Iniúchóireachta an NSSO agus tá taithí luachmhar aici agus í ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta in Oifig an Ombudsman faoi láthair.



## Niall Quinn

**Dátaí an Téarma: 4 Meán Fómhair 2020 – 3 Meán Fómhair 2023.**

Is abhcóide é Niall atá ag cleachtadh a ghairme agus atá ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe freisin. Sula ndeachaigh sé i mbun cleachtais ag an mBarra agus sular thosaigh sé a chuid oibre mar idirghabhálaí, bhí sé ina speisialtóir cumarsáide straitéisí ar feadh 20 bliain. Mar iar-Uachtarán ar Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (PRII) agus mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chomhlachas na gComhairleoirí Caidrimh Phoiblí, leanann sé ar aghaidh ag léachtóireacht i gcumarsáid straitéiseach agus i gcumarsáid ghéarchéime ag PRII agus a bheith gafa le tascanna cumarsáide straitéiseacha. Is céimí BSc (Bainistíocht) é ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Rinne sé staidéar ar an dlí in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath agus glaodh chun an Bharra é in 2015.



## Declan Breathnach

**Dátaí an Téarma: 28 Aibreán 2021 - 27 Aibreán 2024.**

Bhí Declan ina bhall den Choiste Parlaiminteach Buiséid agus Maoirseachta, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Forfheidhmithe Chomhaontú Aoine an Chéasta agus ina Leas-Chathaoirleach ar Chumann Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann. Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Contae Lú ó 1991 go 2016 agus bhí sé ina Theachta Dála do Lú ó 2016 go 2020. Iar-mhúinteoir agus príomhoide bunscoile é Declan a bhfuil os cionn 40 bliain de sheirbhís phoiblí aige.



## Noel Harrington

**Dátaí an Téarma: Aibreán 2021 - 27 Aibreán 2024.**

Tá Noel ina Bhainisteoir Oifige agus ina Mháistir Poist ag An Post, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Bhí sé ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go 2011 agus ina Theachta Dála tofa ó 2011 go 2016. I measc na ról a bhí aige roimhe seo bhí: Comhalta den Choiste Oireachtais um Fhormhaoirsiú Poiblí agus Achainíocha, Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Chorcaí, Cathaoirleach ar Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt, Cathaoirleach ar Ghrúpa Polasaí Corparáideach Chontae Chorcaí agus Comhalta de Bhord Fiontair Áitiúil Chorcaí Thiar agus Thuaidh.



## Ciarán Hayes

**Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2024.**

D'éirigh Ciarán Hayes as mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh ar an 1 Eanáir 2021 tar éis gairm 42 bliain i gcúig Údarás Áitiúil lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Bardas Dhún Laoghaire. Tá Céim BA aige i mBainistiú Poiblí agus Ard-Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus faoi láthair tá sé ag tabhairt faoi Chomhaltacht in Ollscoil Harvard ag déanamh staidéir ar Athrú Aeráide. Chomh maith lena ról mar Phríomhfheidhmeannach i Sligeach, bhí sé i gceannas ar an bhfreagairt ón Rialtas Áitiúil don athrú aeráide agus do bhunú na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Is Comhalta Sinsearach é Ciarán in Ollscoil Harvard agus bhunaigh sé 'Ciarán Hayes Consultancy' le fócas ar Ghníomhú ar son na hAeráide.



## Philomena Poole

**Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2024.**

Is í Philomena Poole iar-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin (ar scor i mBealtaine 2021). Bhí sí ina Bainisteoir Contae i gComhairle Contae Lú roimhe sin. Sna róil sin, bhí Philomena freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil an chontae tar éis di breis agus 40 bliain a chaitheamh sa rialtas áitiúil. Bhí treorú foirne móra chun cláir shuntasacha infreastruchtúir agus shóisialta a chur ar fáil, chomh maith le claochlú eagraíochta a chur chun cinn, lárnach sna róil sin. D'oibrigh sí ar chláir cheannaireachta agus ar thionscnaimh dhaonchairdis le Co-Operation Ireland agus tá Céim Mháistreachta aici i gCóitseáil d'Fheidhmeannaigh.

# Grúpaí Oibre NOAC

**Úsáideann NOAC Grúpaí Oibre chun an chuid is mó den obair a dhéanamh trí thionscadail éagsúla a chur chun cinn.**

## Grúpaí Oibre NOAC

| Teideal | Cód | Ballraíocht 2021 |
| --- | --- | --- |
| **Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil** | **GO1: RÉARÁ** | Brian Cawley *Cathaoirleach* |
| | | Niall Quinn |
| | | Constance Hanniffy* |
| | | Declan Breathnach** |
| | | Ciarán Hayes** |
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **GO2: TF** | Philomena Poole** *Cathaoirleach* |
| | | Constance Hanniffy* |
| | | Martina Moloney* |
| | | Brian Cawley |
| | | Noel Harrington** |
| **Cumarsáid agus Suirbhé ar Chustaiméirí** | **GO3: CSC** | Niall Quinn *Cathaoirleach* |
| | | Margaret Lane |
| | | Philomena Poole** |
| | | Declan Breathnach** |
| **Bainistiú Airgeadais agus Feidhmíocht** | **GO4: BAF** | Margaret Lane *Cathaoirleach* |
| | | Martina Moloney* |
| | | Mary Hurley |
| | | Ciarán Hayes** |
| **Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre** | **CATHAOIRLEACH** | **Michael McCarthy** |

* tugann sé seo le fios go ndeachaigh téarma an chomhalta seo in éag le linn 2021.

**tugann sé seo le fios gur thosaigh téarma an chomhalta seo le linn 2021.

D'athraigh ballraíocht an ghrúpa oibre le linn 2021 mar gheall ar dheireadh a bheith tagtha le téarmaí comhaltaí an bhoird agus comhaltaí nua tosaithe.

# GO1: Grúpa Oibre ar Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

## Ról

Is é ról an Ghrúpa Oibre ar Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil cuidiú le feidhmeanna NOAC faoi alt 126C (1)( d), (e), (f) agus (g) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Áiríonn siad na tascanna seo a leanas:

- monatóireacht agus meastóireacht dhéanamh ar chomhlíonadh aon chomhaontaithe de chineál comhaontaithe seirbhíse arna ndéanamh ag comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó.
- maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil polasaí náisiúnta i ndáil le rialtas áitiúil i bhfeidhm.
- monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí ag comhlachtaí rialtais áitiúil.
- monatóireacht dhéanamh ar leordhóthanacht an phlean chorparáidigh atá ullmhaithe ag Tionól Réigiúnach agus ag Comhairle.

### Cruinnithe

Tháinig GO1 le chéile seacht n-uaire le linn 2021.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 9 Feabhra 2021 |
| 2. | 19 Márta 2021 |
| 3. | 23 Aibreán 2021 |
| 4. | 18 Meitheamh 2021 |
| 5. | 24 Meán Fómhair 2021 |
| 6. | 22 Deireadh Fómhair 2021 |
| 7. | 3 Nollaig 2021 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2021

### Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha 2015–2019 – Bealtaine 2021

I mí na Bealtaine 2020, d'eisigh NOAC ceistneoir d'údaráis áitiúla a dearadh chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm a bPleananna Corparáideacha do 2015-2019. Ba é príomhfhócas an cheistneora ná achoimre a fháil ina leagtar amach an dul chun cinn do gach cuspóir agus sprioc faoi na Pleananna seo.

Thug údaráis áitiúla sonraí faoina gcuid éachtaí faoina bPleananna Corparáideacha faoi theidil éagsúla lena n-áirítear tithíocht, bóithre, leabharlanna, seirbhísí dóiteáin agus pleananna eacnamaíocha.

I measc cuid de na pointí suntasacha san athbhreithniú bhí:

- 1,278 cuspóir agus sprioc straitéiseach san iomlán liostaithe.
- Tuairiscítear go bhfuil 827 díobh seo críochnaithe den chuid is mó.
- Tá 706 ar siúl i gcónaí.
- Tá moill ar 212 nó tá siad tugtha ar aghaidh. Ba í an phríomhchúis a luadh leis na moilleanna ná pleanáil, airgeadas nó mar gheall go raibh mórthionscadail chaipitil i gceist leo.

Bhí NOAC sásta freagraí substaintiúla a fháil a raibh eolas iontu.

### Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha 2019–2024 – Samhain 2021

Thug GO1 faoi mheastóireacht ar na pleananna corparáideacha a d'ullmhaigh údaráis áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha don tréimhse 2019-2024. Críochnaíodh athbhreithniú agus anailís chuimsitheach ar na pleananna corparáideacha agus foilsíodh tuarascáil i mí na Samhna 2021. Cuimsíodh inti tráchtaireacht ar leordhóthanacht na bpleananna ó thaobh a n-ábhair agus an phróisis chun iad a chur i gcrích, lena n-áirítear leordhóthanacht na gcóras comhairliúcháin.

Cuireadh béim ar go leor dea-chleachtas, chomh maith le moltaí maidir le réimsí féideartha feabhsúcháin do Phleananna Corparáideacha amach anseo.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo ar fáil sa mhír Tuarascálacha agus Buaicphointí den tuarascáil seo agus tá an tuarascáil iomlán uimh. 46 ar fáil ar www.noac.ie

### Cruinniú an Ghrúpa Oibre le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár-Tíre Meitheamh 2021

Rinne Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár-Tíre cur i láthair ag cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre i Meitheamh 2021 chun a thuarascáil monatóireachta dhá bhliain ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) a mhíniú. Soláthraíonn an RSES creat le haghaidh infheistíochta chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar spásphleanáil agus ar fhorbairt eacnamaíoch sa réigiún go dtí 2031 agus ina dhiaidh sin. Is é cuspóir na Tuarascála Monatóireachta an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí foriomlána an RSES do Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre a shonrú, lena n-áirítear dul chun cinn a dhéanann comhlachtaí ábhartha poiblí agus gach údarás áitiúil i limistéar an Tionóil Réigiúnaigh. Chuir an Tionól cóip chríochnaitheach den Tuarascáil Mhonatóireachta ar fáil do NOAC i ráithe 3, 2021.

### Rannpháirtíocht le hOifigí Fiontair Áitiúla

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun eolas a bhailiú chun cabhrú le NOAC tuiscint níos fearr a fháil ar ghníomhaíochtaí in Oifigí Fiontair Áitiúla agus cuirfear an próiseas sin chun cinn é le linn 2022.

# GO2: Grúpa Oibre ar Tháscairí Feidhmíochta

## Ról

Is é ról an ghrúpa seo maoirseacht a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil maidir le táscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil a chur ar fáil. Is éard atá i gceist leis seo ná na táscairí agus an treoir chuí d'údaráis áitiúla a athbhreithniú, an próiseas dearbhúcháin ba cheart a chur i bhfeidhm ar na sonraí a cuireadh isteach a shocrú agus tráchtaireacht NOAC ar na sonraí tiomsaithe a dhréachtú, chomh maith le haon fheidhmeanna leantacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

Bunaíodh an grúpa i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus baineann sé le feidhm NOAC faoi alt 126C .( 1 )( a) den Acht Rialtais Áitiúil chun:-

(a) grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil in aghaidh aon ábhair tháscaigh nó i gcomparáid le haon ábhar táscach (a dtugtar 'táscairí ábhartha' orthu sa Chuid seo) a-

  (i) mheasann an Coimisiún gur cuí tagairt a dhéanamh dó (lena n-áireofar nithe táscacha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí), nó

  (ii) fhéadfaidh an tAire a fhorordú le rialacháin chun críche an ailt seo

Clúdaíonn obair an ghrúpa freisin go pointe áirithe réimsí Feidhmíochta Airgeadais na nÚdarás Áitiúil (Alt 126C (1 )( b)).

### Cruinnithe

Tháinig GO1 le chéile seacht n-uaire le linn 2021.

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 14 Eanáir 2021 |
| 2. | 27 Eanáir 2021 |
| 3. | 2 Márta 2021 |
| 4. | 7 Aibreán 2021 |
| 5. | 29 Meitheamh 2021 |
| 6. | 17 Samhain 2021 |
| 7. | 15 Nollaig 2021 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2021

### Tascairí Feidhmíochta

Ceann de phríomhfheidhmeanna NOAC is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon údaráis áitiúil i gcoinne, nó i gcomparáid le, táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún a bheith cuí.
Cuimsíonn na táscairí feidhmíochta roinnt luachanna intomhaiste a léiríonn cé chomh héifeachtach agus atá údarás áitiúil ag baint príomhchuspóirí amach.

Go dtí seo, tá seacht dtuarascáil ar tháscairí feidhmíochta foilsithe ag an nGrúpa Oibre. Déanann an foghrúpa athbhreithniú ar an tacar táscairí gach bliain agus téann sé i mbun idirchaidrimh leis na húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le feabhsuithe nó athruithe a d'fhéadfaí a chur san áireamh ina thuarascáil.

### Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta (TF) 2020

Thiomsaigh an grúpa oibre na treoirlínte don tuarascáil ag tús 2021 bunaithe ar athruithe sa mhodheolaíocht do tháscairí a bhí ann cheana agus d'fhorbairt táscairí nua. Ar an 15 Feabhra 2021, reáchtáil NOAC a Cheardlann TF chun treoir a thabhairt do chomhordaitheoirí sonraí ó údaráis áitiúla maidir le treoirlínte tuarascála 2020. Reáchtáladh an cheardlann ar líne mar gheall ar shrianta Covid.
Tugadh cuireadh do gach comhordaitheoir sonraí údaráis áitiúil chuig an gceardlann inar cuireadh treoirlínte TF 2020 i láthair agus inar tugadh mínithe ar mhodheolaíocht agus nuashonruithe ar na táscairí.

Reáchtáladh ceardlann eile ar an 15 Aibreán 2021 chun réimse sonrach na tithíochta a chlúdach. D'fhreastail 30 údarás áitiúil agus ionadaithe ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar an gceardlann.
(LGMA). Rinneadh cuir i láthair don lucht freastail agus bhí deis ag na rannpháirtithe a gcuid ceisteanna a chur i seisiún ceisteanna agus freagraí.

Maidir le tuarascáil 2020, mhéadaigh NOAC líon na dtáscairí ó 39 go 42, le trí tháscaire nua curtha isteach:

- Cuireadh dhá tháscaire nua leis an mír airgeadais, M3 – Éilimh ar Dhliteanas Poiblí agus M4 - Forchostais; agus
- Cuireadh táscaire nua leis an mír comhshaoil, E6 – Soilsiú poiblí.

Rinne NOAC beachtú breise freisin ar roinnt táscairí chun soiléireacht a fheabhsú agus chun an t-eolas a ghabháil ar bhealach níos éifeachtúla.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo ar fáil sa mhír Tuarascálacha agus Buaicphointí. Tá an tuarascáil iomlán, treoirlínte agus físeán promóisin ar fáil ar www.noac.ie

## Gníomhaíochtaí eile de chuid an Ghrúpa Oibre

### Creat Táscairí Feidhmíochta NOAC

Chun dea-chleachtas a fheabhsú, rinne GO2 anailís ar obair den chineál céanna a rinneadh i dtíortha éagsúla, mar shampla Albain, SAM, an Astráil agus an Nua-Shéalainn ar mhaithe le Creat Táscairí Feidhmíochta NOAC a chruthú.
Chuaigh GO2 i dteagmháil freisin le Gerard Turley agus Stephen McNena ó Scoil Ghnó OÉG, a thug léargas ginearálta ar a gcuid oibre i réimse na gcreataí feidhmíochta rialtais áitiúil.

### Obair ar tháscairí nua: Forbairt Eacnamaíoch agus athrú aeráide

In 2020, choimisiúnaigh GO2 Seán Ó'Riordáin, ó Seán Ó'Riordáin and Associates (SORA), chun páipéar taighde a scríobh ar scóip na hoibre a dhéanann údaráis áitiúla i réimse na forbartha eacnamaíochta.

Bhreithnigh baill GO2 “*Exploring the development of an Economic Performance Indicator for Local Authorities*” ar an 14 Eanáir 2021. Chuir an páipéar bonn maith tosaigh ar fáil chun táscaire feidhmíochta nua a thabhairt isteach ar Fhorbairt Eacnamaíoch.

Mar an chéad chéim eile, bhuail baill GO2 leis an gCoiste CCMA/Gnó Fiontair Nuálaíochta agus Athnuachan Eacnamaíoch Uirbeach/Bailte (BEIUER) ar an 15 Nollaig 2021 chun an t-athbhreithniú seo a chríochnú. Chuir an coiste CCMA/BEIUER plépháipéar isteach dar teideal “*Performance indicators of economic development activity by local authorities*” agus phléigh siad a thorthaí le comhaltaí GO2.

Déanfar an táscaire nua forbartha eacnamaíche a fhorbairt tuilleadh do thuarascáil Tháscairí Feidhmíochta 2021.

Ar an 29 Samhain 2021, bhreithnigh GO2 an tuarascáil a chuir an LGMA isteach dar teideal *National Performance Indicator Trend Report* ina ndearnadh athbhreithniú ar tháscairí reatha agus ina ndearnadh anailís ar an bhféidearthacht cinn nua a thabhairt isteach.

Chuaigh GO2 i dteagmháil leis an LGMA freisin chun táscaire nua sa todhchaí a fhorbairt maidir le hathrú aeráide. Aithníodh na ceisteanna seo a leanas chun an réimse athraithe aeráide a chlúdach:

- An bhfuil oifigeach coibhéise lánaimseartha (FTE) ainmnithe ag an údarás áitiúil le haghaidh gníomhú ar son na haeráide?
- An bhfuil foireann gníomhaíochta ar son na haeráide ag an údarás áitiúil?

Faigh tuilleadh sonraí faoi tháscairí feidhmíochta ag an nasc seo a leanas chuig Tuarascáil 2020 ar Tháscairí Feidhmíochta.

# GO3: Grúpa Oibre Cumarsáide agus Suirbhé ar Chustaiméirí

## Ról

Is é cuspóir an Ghrúpa Oibre seo ná feidhmeanna NOAC a chur i gcrích faoi alt 126C (1 )( a) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, arb é atá i gceist leis ná feidhmíocht údaráis áitiúil a ghrinnscrúdú in aghaidh táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus faoi alt 126 C (1 )( c) chun tacú le forbairt agus feabhsú dea-chleachtais.

Tá an Grúpa Oibre tiomanta dá théarmaí tagartha comhaontaithe a chomhlíonadh maidir leis na gníomhaíochtaí nó na feidhmeanna ba cheart a bheith mar ábhar do shuirbhéanna agus forbraíonn sé freisin iarratais ar thograí, athbhreithnithe agus ceistneoirí. Tá an Grúpa Oibre ar an eolas faoina chuid idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara seachtracha go háirithe, trína bhrandáil agus trína chumarsáid. Léirítear iad seo go leanúnach, ag imeachtaí, mar shampla an seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil. Trí shuíomh gréasáin noac.ie tá sruth seasta eolais curtha ar fáil do pháirtithe leasmhara. Maidir le 2021, bhí 3,831 úsáideoir ar an suíomh, agus tógfar air sin sna blianta amach romhainn.

### Cruinnithe

Tháinig CO3 le chéile cúig huaire le linn 2021

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 24 Feabhra 2021 |
| 2. | 11 Márta 2021 |
| 3. | 8 Aibreán 2021 |
| 4. | 18 Meitheamh 2021 |
| 5. | 16 Samhain 2021 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2021

### Lógó/brandáil nua agus forbairt suíomh gréasáin nua

Ghlac NOAC le brandáil nua agus le suíomh gréasáin nuashonraithe in 2020. Úsáideann NOAC an bhrandáil dá thuarascálacha agus dá chomhfhreagras ar fad agus ag a imeachtaí ar líne le linn 2021. Cuireann an suíomh gréasáin nua láithreacht fheabhsaithe ar líne ar fáil do NOAC chun idirghníomhú le páirtithe leasmhara. Is ann freisin a bhíonn fáil ar shonraí faoinár bhfoilseacháin, ár gcláir oibre, ár seimineáir taifeadta, ár n-imeachtaí oibre, ár bpreasráitis, miontuairiscí cruinnithe agus eile.

Thóg NOAC ar an mbunsraith a leagadh síos in 2020 sa réimse seo. Bhain sé úsáid mhaith as na híomhánna brandála a bhí forbartha aige, agus iad á dtaispeáint ag an Seimineár ar Dhea-Chleachtas i mí na Samhna 2021. Tá sonraí an tSeimineáir seo agus imeachtaí eile fós á dtabhairt cothrom le dáta ar shuíomh gréasáin NOAC.
Idir an dá linn, tá feabhas curtha ar fheidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin do pháirtithe leasmhara agus tá ábhar breise curtha leis go leanúnach i rith na bliana. Go háirithe, foilsíodh fiche tuarascáil nua ar an suíomh gréasáin in 2021, lena n-áirítear mórán tuarascálacha ar phróiseas grinnscrúdaithe na n-údarás áitiúil, mar aon le tuarascálacha ar an gCód Caiteachais Phoiblí agus athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha na n-údarás áitiúil agus na dTionól Réigiúnach.

### Cleachtadh mapála do pháirtithe leasmhara

D'fhorbair an Grúpa Oibre cleachtadh mapála do pháirtithe leasmhara chun páirtithe leasmhara ábhartha uile NOAC a fháil amach go cruinn. Forbraíodh agus eisíodh tairiscint i mí na Bealtaine 2021 chun cuideachta a fhostú chun cabhrú leis an tionscadal seo. Tar éis conradh a bhronnadh agus réamhchruinnithe a thionól leis an gcuideachta rathúil, reáchtáladh ceardlann i mí Dheireadh Fómhair 2021 le bord NOAC.

Ag an bpointe seo, scagadh amach páirtithe leasmhara NOAC le míniú ar a chaidreamh reatha le gach páirtí leasmhar agus sainaithníodh príomhthosaíochtaí agus príomhbhreithnithe caidrimh. Thug an tionscnamh seo tuiscint níos soiléire do NOAC ar a pháirtithe leasmhara. Beidh sé seo luachmhar anois agus amach anseo chun a chinntiú go rachaidh sé i mbun rannpháirtíochta go fiúntach lena pháirtithe leasmhara éagsúla ar fad. Fuair NOAC réamhthuarascáil ar an imeacht i mí na Nollag 2021 le sonraí a pháirtithe leasmhara agus a rogha modhanna idirghníomhaíochta. Gheofar tuarascáil chríochnaithe ag tús 2022.

### Straitéis Chumarsáide

Thug an Grúpa Oibre faoi Straitéis Chumarsáide a fhorbairt do NOAC. Ba é an cleachtadh mapála thuasluaite le páirtithe leasmhara an chéad chéim sa phróiseas sin. Agus an chéim sin curtha i gcrích, tabharfar faoin gcéad chéim eile de Straitéis Chumarsáide NOAC in 2022. Mar chuid den chéim seo eiseofar tairiscint do ghníomhaireacht sheachtrach chun Straitéis Chumarsáide a ullmhú do NOAC.

### Suirbhéanna ar Shásamh Custaiméirí

Ó 2018-2020, choimisiúnaigh NOAC Ipsos MRBI chun suirbhé trí bliana a dhéanamh i measc an phobail i gcoitinne chun a sásamh lena n-údarás áitiúil a fháil amach. Rinne an chéad suirbhé, a rinneadh in 2018, suirbhé ar na 10 n-údarás áitiúla is mó. Rinneadh an dara suirbhé, a críochnaíodh i mí an Mhárta 2019, leis na 10 n-údarás áitiúla meánmhéide agus le Cathair na Gaillimhe. Rinne an tríú suirbhé, a críochnaíodh i Feabhra/Márta 2020, suirbhé ar na 10 n-údarás áitiúla is lú. Ag leanúint ón rath a bhí ar na suirbhéanna seo, aistríodh an fheidhm chun suirbhéanna a dhéanamh amach anseo trí chomhaontú chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Phléigh NOAC é seo leis an LGMA in Aibreán 2021 agus leanann sé ar aghaidh i mbun idirchaidrimh leo faoin réimse seo.

Coinneoidh sé ról maoirseachta i soláthar na suirbhéanna seo amach anseo, ag cinntiú go bhfaigheann saoránaigh a mbíonn teagmháil acu le rialtas áitiúil seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí agus sástacht chustaiméirí.

### Seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil

Reáchtáil NOAC an ceathrú seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus CCMA, ar an 9 Samhain 2021 i gCaisleán Chill Chainnigh. Is é seo an príomhimeacht do na húdaráis áitiúla teacht le chéile chun breac-chuntas a thabhairt ar na dea-chleachtais ina gceantair féin, a fheabhsaíonn saol na ndaoine ina bpobail. In 2021, bhí an t-imeacht mar chuid de sheachtain Nuálaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus d'ardaigh sé seo próifíl na hócáide tuilleadh.

Mar gheall ar shrianta Covid, socraíodh go reáchtálfaí an seimineár den chéad uair mar imeacht ar an láthair agus ar líne araon. D'éirigh thar barr leis an ngné seo den seimineár agus d'fhreastail 111 duine ar an seimineár ar líne. Chiallaigh sé seo gur cuireadh an imeacht ar fáil do lucht féachana níos mó, agus ag an am céanna gur tugadh le chéile na daoine sin a bhfuil baint acu le rialtas áitiúil in Éirinn ag fóram beo. D'oscail Peter Burke, T.D., an tAire Stáit do Phleanáil agus Rialtas Áitiúil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an t-imeacht, agus é ag tagairt do nuálaíocht leanúnach na n-údarás áitiúil sa chaoi a ndéanann siad a ngnó. Léiríodh samplaí de seo leis an mbealach nuálach ina mbailítear tionchair ó imeachtaí aimsire go háitiúil i Maigh Eo agus an rochtain ar chomhairliúchán fíorúil de Dhréachtphlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá sonraí na dtionscadal ar fad a taispeánadh san áireamh i nóta achoimre níos faide ar aghaidh sa tuarascáil faoi Buaicphointí agus Gníomhaíochtaí. Tá físeáin de na cainteoirí agus na tionscadail ar fad ar an suíomh gréasáin www.noac.ie

## GO4: Grúpa Oibre Bainistíochta Airgeadais agus Feidhmíochta

### Ról

Bunaíodh an grúpa oibre seo i mí Eanáir 2020 agus ghlac sé róil na ngrúpaí oibre roimhe seo a bhain le:

- Feidhmíocht Airgeadais;
- An Cód Caiteachais Phoiblí.

Baineann obair an ghrúpa le feidhm NOAC faoi alt 126C. (1 )( b), (e) agus (f) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014:

(b) grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, lena n-áirítear maidir le luach ar airgead aon chomhlachta rialtais áitiúil, i leith na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil dó;

(e) maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann comhlachtaí rialtais áitiúil polasaí náisiúnta i ndáil le rialtas áitiúil i bhfeidhm;

(f) monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóiriú na seirbhíse poiblí (lena n-áirítear éifeachtúlachtaí feabhsaithe) ag comhlachtaí rialtais áitiúil i gcoitinne nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aon aicme comhlachtaí den sórt sin.

Ina theannta sin, is é ról an ghrúpa seo ná an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dearbhú Caighdeáin Rialtais Áitiúil a thiomsú agus a ullmhú faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

### Cruinnithe

Tháinig CO4 le chéile cúig huaire le linn 2021

| Uimh. | Dáta |
|---|---|
| 1. | 10 Feabhra 2021 |
| 2. | 30 Márta 2021 |
| 3. | 1 Meitheamh 2021 |
| 4. | 13 Deireadh Fómhair 2021 |
| 5. | 30 Samhain 2021 |

## Príomhghníomhaíochtaí in 2021

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Ó 2020, thóg an grúpa oibre seo isteach obair Ghrúpa Oibre an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus foilsíonn sé an Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí.

D'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód Caiteachais Phoiblí agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a fhaigheann maoiniú poiblí.

Iarradh ar Phríomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil a dtuarascálacha maidir le Dearbhú Caighdeáin 2020 a chur isteach faoin 28 Bealtaine 2021. As an 31 údarás áitiúil, chuir 24 acu a dtuarascálacha isteach faoin spriocdháta.

Dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh 28 Tuarascáil ar Dhearbhú Caighdeáin agus dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh Gníomhacha/Eatramhacha trí Thuarascáil ar Dhearbhú Caighdeáin. Ceanglaítear leis an gCód go bhfoilseofar na tuarascálacha ar Dhearbhú Caighdeáin ar shuíomh gréasáin na n-eagraíochtaí. Chomhlíon gach ceann den 31 údarás áitiúil é seo.

Thiomsaigh agus d'fhoilsigh GO4 an seachtú tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil i mí na Samhna 2021.

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil seo ar fáil sa mhír Tuarascálacha agus Buaicphointí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar an suíomh gréasáin ag www.noac.ie

### Athbhreithniú ar Sheirbhísí Comhroinnte: MyPay

Mar chuid de na hAthbhreithnithe ar Fheidhmíocht Airgeadais (Gníomh 16 dá Théarmaí Tagartha), chinn GO4 athbhreithniú a dhéanamh ar MyPay.

Cuireadh tús le hIonad Seirbhísí Comhroinnte MyPay den chéad uair in 2014. Ó shin i leith, tá méadú tagtha ar líon na bhfostaithe gníomhacha laistigh den Earnáil Rialtais Áitiúil a bhfreastalaíonn MyPay orthu ó thart ar 19,000 in 2014 go 35,000 in 2021. Ina theannta sin, cuirtear seirbhísí párolla ar fáil freisin do 16,000 pinsinéirí.

Is iad na seirbhísí a sholáthraíonn MyPay ná:

Caighdeánú:

- Dearadh Caighdeánach Coiteann;
- Próisis chaighdeánacha do gach Údarás Áitiúil;
- Ardleibhéal uathoibriúcháin e.g. Córas Bainistithe Cáis, Core agus IVR;
- Tuairisciú caighdeánach do gach Údarás Áitiúil.

Chuaigh na comhaltaí i dteagmháil le hionadaithe MyPay faoi dhó, ar an 10 Márta 2021 agus ar an 30 Samhain 2021. Ag an gcéad chruinniú, aontaíodh go n-ullmhódh oifigigh MyPay páipéar maidir le hathruithe ar Thimpeallacht Oibríochtaí MyPay. Cuireadh an páipéar isteach agus rinne na comhaltaí athbhreithniú air.

Chuir an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) comhfhreagras ar fáil ina raibh eolas nuashonraithe faoi líon na n-údarás áitiúil atá imithe isteach in MyPay cheana féin. Agus anailís á déanamh ar an eolas a cuireadh ar fáil, d'admhaigh na comhaltaí go bhfuil samplaí ann de dhea-chleachtas a baineadh amach, go sonrach:

- Mar gheall ar an uasghrádú seo, is féidir le hÚdaráis Áitiúla cloí le riachtanais nua ioncaim;

- Dul isteach ar an leagan is deireanaí de Core Portal;
- Tabhairt faoin scéim pinsin aonair.

### Rannpháirtíocht le Coistí Iniúchóireachta

Tugadh cuireadh do gach cathaoirleach Coiste Iniúchóireachta freastal ar imeacht ar Dhea-Chleachtas NOAC a bhí ar siúl ar an 9 Samhain 2021, agus chláraigh 14 Choiste Iniúchóireachta don imeacht. Léirigh an cheardlann réimse nuálaíochtaí údaráis áitiúil ar fud réimsí éagsúla amhail gníomhú ar son na haeráide, comhairliúchán poiblí agus idirghníomhaíocht leis na saoránaigh. Rinne an Cathaoirleach comhaltaí an Ghrúpa Oibre a mheas ar an obair a rinne Cathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta i Réigiún an Deiscirt.

### Rannpháirtíocht leis an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (LGAS)

Ar an 27 Meán Fómhair 2021, bhuail Cathaoirleach an GO agus an Rúnaíocht le ceannaire na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (LGAS) agus rinne siad iniúchadh ar bhealaí éagsúla chun comhoibriú agus athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhaontuithe Seirbhíse agus ar réimsí eile oibre nach mór don GO seo a mheas.

# Próiseas Grinnscrúdaithe NOAC

## Athbhreithniú ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil aonair

**I mí Feabhra 2017, thosaigh NOAC, de réir a fheidhmeanna reachtúla, ar athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil ar leith.**

Faoin mbliain 2021, tá an próiseas níos daingnithe agus, mar thoradh air sin, tá struchtúr níos foirmiúla in áit. Tá sé á stiúradh i gcónaí ag Cathaoirleach nó ionadaí NOAC, le tacaíocht ó chomhaltaí NOAC agus ón Rúnaíocht.

Mar a míníodh i mblianta roimhe seo, úsáidtear na tuarascálacha próifíle mar thúsphointe chun pictiúr foriomlán a fháil den údarás áitiúil. Baintear an t-eolas as foinsí ar nós torthaí na tuarascála ar tháscairí feidhmíochta, tuarascálacha iniúchóireachta na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (LGAS), an staid airgeadais agus tuarascálacha feidhmíochta maidir le bailiú ioncaim.




Úsáidtear eolas freisin ó chigireachtaí na hearnála cíosa príobháidí, sonraí bainistithe agus cothabhála soláthar tithíochta, suirbhéanna ar shástacht custaiméirí agus aon sonraí ábhartha eile lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na sonraí atá i dtuarascálacha NOAC a foilsíodh go dtí seo. A luaithe a bhíonn an tuarascáil phróifíle ullmhaithe, cuirtear ar aghaidh í chuig Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil ábhartha mar bhonn do chruinniú Chéim 1. Tionóladh cruinniú Céim 1 go dtí seo in oifigí an údaráis áitiúil ábhartha.

### Cruinnithe Chéim 1 agus Chéim 2 a tionóladh in 2021

| Údarás Áitiúil (ÚÁ) | Cruinnithe Chéim 1 | Cruinnithe Chéim 2 |
|---|---|---|
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | | Eanáir 2021* |
| Comhairle Chontae na Mí | Iúil 2021 | Meán Fómhair 2021 * |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Iúil 2021 | Nollaig 2021 * |
| Comhairle Contae Fhine Gall | Deireadh Fómhair 2021 | |

**Cruinnithe tionólta ag córas físchomhdhála WEBEX.*

Le linn 2021, bhí sé chruinniú beartaithe ag NOAC. Mar gheall ar shrianta Covid, áfach, níorbh fhéidir leis an gCathaoirleach freastal ach ar thrí chruinniú Chéim 1 sa Mhí, i mBaile Átha Cliath Theas agus i bhFine Gall. Ag leanúint ó chruinniú ar an láthair, tugtar cuireadh don Phríomhfheidhmeannach agus do bhaill na foirne bainistíochta freastal ar chruinniú Chéim 2 le Bord NOAC, áit ar féidir le húdaráis áitiúla cur i láthair a dhéanamh, breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a bhfeidhmíonn a n-údarás agus ceisteanna a fhreagairt ó chomhaltaí an bhoird faoi na míreanna éagsúla, lena n-áirítear eolas atá sa tuarascáil phróifíle.

Freastalaíonn an Rúnaíocht ar an dá chruinniú agus tógtar miontuairiscí. Tugann an tábla ar leathanach 22 sonraí faoi chruinnithe Chéim 1 agus Chéim 2 ar fad a tionóladh in 2021. Tá miontuairiscí na gcruinnithe ar fad agus aon chur i láthair a rinneadh ar fáil ar shuíomh gréasáin NOAC.

Ós rud é go raibh dul chun cinn suntasach déanta sa réimse seo faoin am seo, cinneadh go raibh sé tráthúil máistirthuarascáil a chur ar fáil in 2021 ina leagtar amach sonraí an phróisis ghrinnscrúdaithe go dtí seo. Ina theannta sin, cuireadh 16 thuarascáil aonair ar fáil ar gach ceann de na húdaráis áitiúla a ghlac páirt i gcruinnithe Chéim 1 agus Chéim 2 araon. Baineann ceisteanna ar nós rátaí bailiúcháin, líon foirne, rátaí cigireachta agus cúrsaí airgeadais, a áirítear i dtuarascálacha i gcásanna áirithe, leas as an míniú agus as an bplé maidir leis an gcúis atá taobh thiar de na figiúirí seo.

Chuir na cruinnithe ar chumas NOAC freisin na tosaíochtaí éagsúla, a mheas gach údarás áitiúil a bheith ábhartha dá saoránaigh, a fheiceáil, chomh maith leis an gcaoi a sháraigh siad dúshláin éagsúla agus an chaoi a n-oibríonn siad i gcomhar le húdaráis áitiúla, comhlachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile.

In 2021, áiríodh ar na tuarascálacha a foilsíodh:

- Próiseas Grinnscrúdaithe agus Tuarascáil Forléargais
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Lú
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach Chorcaí
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Uíbh Fhailí
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Chiarraí
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae na hIarmhí
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Ros Comáin
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Dhún na nGall
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Laoise
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae an Chláir
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Cheatharlach
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Mhuineacháin
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Shligigh
- Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae na Mí

# Buaicphointí agus Sonraí Thuarascálacha NOAC a Foilsíodh in 2021

**Mar is amhlaidh i gcónaí, bhí bliain ghníomhach ag NOAC i réimse na bhfoilseachán. Liostaithe thíos tá na tuarascálacha a foilsíodh le linn 2021. Is féidir iad seo a íoslódáil ag www.noac.ie.**

**Tuarascálacha NOAC a foilsíodh le linn 2021**

| Ainm | Uimhir na Tuarascála | Dáta foilsithe |
|---|---|---|
| Próiseas Grinnscrúdaithe agus Tuarascáil Forléargais ó 2017 | 28 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Lú | 29 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach Chorcaí | 30 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Uíbh Fhailí | 31 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Chiarraí | 32 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae na hIarmhí | 33 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Ros Comáin | 34 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Thiobraid Árann | 35 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Dhún na nGall | 36 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Laoise | 37 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach Phort Láirge | 38 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae an Chláir | 39 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Cheatharlach | 40 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Mhuineacháin | 41 | Bealtaine 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | 42 | Meitheamh 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae Shligigh | 43 | Meitheamh 2021 |
| Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta NOAC 2020 | 44 | Meán Fómhair 2021 |
| Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2020 | 45 | Samhain 2021 |
| Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2019-2024 | 46 | Samhain 2021 |
| Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Chomhairle Contae na Mí | 47 | Nollaig 2021 |




# Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2020: Tuarascáil Uimh 44

Mar a míníodh sa mhír ar Ghrúpa Oibre 2 thuas, d'fhoilsigh NOAC a sheachtú Tuarascáil Bhliantúil ar Tháscairí Feidhmíochta. Tá forbairt tagtha ar an tuarascáil seo ón gcéad tuarascáil in 2014 agus, i mbliana, tá tuairisciú á dhéanamh ag NOAC ar 42 táscaire faoi 11 cheannteidil. Agus an tuarascáil seo á foilsiú, tá a fheidhm á comhlíonadh ag NOAC maidir le feidhmíocht na n-údarás áitiúil a ghrinnscrúdú i gcoinne táscairí ábhartha.

D'aithin NOAC tionchar Covid agus an t-ualach suntasach a chuir sé ar údaráis áitiúla. Bhí éifeacht aige ar bhailiúcháin agus ar fhoinsí ioncaim agus chuir sé brú breise ar acmhainní agus seirbhísí riachtanacha agus seirbhísí nua á soláthar i gcónaí . Ina measc seo bhí feidhmiú céimneach na ndeontas d'atosú do ghnólachtaí, riar na scéimeanna dearbhán agus deontas agus freagairt do na mílte glao gutháin trí líne chabhrach Ghlao an Phobail.

Leis an oiread sin sonraí, is féidir le húdaráis áitiúla breathnú ar na torthaí chun a bpróisis a shruthlíniú, monatóireacht a dhéanamh ar réimsí éagsúla feidhmíochta ar bhealach níos cruinne, agus a gcuid torthaí a thuiscint ar leibhéal níos doimhne agus níos aonaraigh; agus an líon mór léargas seo a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid ar mhaithe le feabhsú.

Déanann na táscairí roghnaithe taifead ar ghníomhaíocht na n-údarás áitiúil maidir le roinnt gnéithe dá bhfeidhmeanna fadréimseacha agus déantar iad seo a bhailiú agus a fhoilsiú go bliantúil ar mhaithe le heolas oibiachtúil a chur ar fáil maidir lena bhfeidhmíocht.

Tá an t-eolas seo ábhartha do na húdaráis áitiúla féin, chun a bhfeidhmíocht féin a rianú le himeacht ama agus chun a bhfeidhmíocht a chur i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile atá ar aon phróifíl agus ar aon mhéid leo.

Tá an tuarascáil tábhachtach freisin do na Ranna Rialtais éagsúla a oibríonn leis na húdaráis agus don phobal i gcoitinne a mbíonn tionchar ag a mhéid a chomhlíonann a n-údarás áitiúil a fheidhmeanna orthu. Ag leibhéal bunúsach, cuireann na Táscairí Feidhmíochta eolas criticiúil ar fáil bunaithe ar fheidhmíocht a chuireann ar chumas údaráis áitiúla agus a bpáirtithe leasmhara tuiscint a fháil ar cá háit a bhféadfadh feabhsúcháin a bheith ag teastáil agus gníomhú dá réir.

Dá réir sin, tugadh trí tháscaire nua isteach i mbliana agus tugadh leasuithe/soiléireacht ar tháscairí eile isteach. Tuigeann NOAC an tionchar a bhí ag Covid ar obair na n-údarás áitiúil in 2020. Bhí tionchar ag srianta sláinte poiblí agus na dúshláin mhéadaithe a bhí le sárú ag údaráis áitiúla maidir le seirbhísí riachtanacha a sholáthar, mar aon le laghdú ar ioncam, ar fheidhmíocht faoi cheannteidil táscairí éagsúla. Chuige sin, áirítear sa tuarascáil mír ar Covid ina leagtar amach achoimre ar chuid den obair bhreise a rinne údaráis áitiúla in 2020 chun cabhrú leis an gcath i gcoinne Covid nach dtomhaistear de réir na dtáscairí sa tuarascáil seo.

### Trí Tháscaire Nua in 2020:

- Cuireadh dhá tháscaire nua leis an mír airgeadais, **M3 – Éilimh ar Dhliteanas Poiblí agus M4 - Forchostais;** agus
- Cuireadh táscaire nua leis an mír comhshaoil, **E6 – Soilsiú poiblí**.

**Leasuithe ar Tháscairí:**

- An treoir faoi H1: Tá an Soláthar Tithíochta Sóisialta leasaithe chun tuilleadh soiléirithe a chur san áireamh.
- An treoir faoi H5B go D: Leasaíodh Cigireachtaí na hEarnála Cíosa Príobháidí.
- E1 Leasaíodh Líon/Céatadán na dteaghlach ag a bhfuil rochtain ar sheirbhís 3 bhosca bruscair chun céatadán na dteaghlach ag a bhfuil rochtain ar 3 sheirbhís bhruscair a thomhas bunaithe orthu siúd i gceirtleáin de >500 seachas an figiúr teaghlaigh ó dhaonáireamh 2016 a úsáid.
- Ainm E4: Rinneadh céatadán na scoileanna ar bronnadh/athnuadh stádas na brataí glaise orthu sa dá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2019 a thabhairt cothrom le dáta go céatadán scoileanna a bhfuil a stádas brataí glaise acu faoi láthair agus é athnuaite acu.
- An treoir do L1C: Athraíodh baill chláraithe leabharlainne in aghaidh gach duine den daonra agus cuireadh L1D leis chun líon na mball cláraithe sa leabharlann sa bhliain a thaifeadadh.
- C3: Rinneadh suíomh gréasáin agus úsáid meán sóisialta na n-údarás áitiúil a nuashonrú. Do thuarascáil 2020, rinne NOAC leasú ar an gcaoi a gcuirtear na figiúirí don táscaire seo i láthair. Sna blianta roimhe seo, thuairiscigh NOAC ar líon iomlán na n-amas agus líon iomlán na leantóirí. Leasaíodh é seo le haghaidh tuarascálacha 2020 agus cuirtear na torthaí i láthair anois ar bhonn per capita chun sonraí níos úsáidí a chur ar fáil.

Ar an iomlán, tá feidhmíocht fheabhsaithe léirithe ag údaráis áitiúla sna réimsí seo a leanas:

- Mhéadaigh leibhéil soláthair tithíochta;
- Laghdaigh leibhéil na ndaoine fásta gan dídean;
- Tháinig méadú ar na hidirbhearta mótarchánach a rinneadh ar líne;
- Tháinig laghdú ar rátaí saoire breoiteachta deimhnithe agus féindeimhnithe;
- Tháinig méadú ar leibhéil bhailiúcháin iasachtaí tithíochta;
- Tháinig laghdú ar easnaimh na gcuntas ioncaim.

## An Próiseas do Thuarascáil 2020

Ar an 15 Feabhra 2021, reáchtáil NOAC a Cheardlann ar Tháscairí Feidhmíochta chun treoir a thabhairt do chomhordaitheoirí sonraí ó údaráis áitiúla maidir le treoirlínte tuarascála 2020. Reáchtáladh an cheardlann ar líne mar gheall ar shrianta Covid.

Ar an 15 Aibreán 2021, reáchtáladh ceardlann eile go fíorúil chun an réimse sonrach maidir le tithíocht a chlúdach.

Ba é an 30 Aibreán an dáta deiridh chun sonraí a chur isteach.

Ó Mheitheamh go Lúnasa 2021, rinne NOAC na sonraí a bhailíochtú agus a iniúchadh.

## Táscairí Feidhmíochta Bailíochtaithe in 2021 do

| Uimh. | Táscaire | Teideal |
|---|---|---|
| 1 | H3 | Meán-am le hAth-ligean ar Cíos agus Costais Dhíreacha |
| 2 | E1 | Líon/Céatadán na n-áitreabh a bhfuil rochtain acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair |
| 3 | E6 | Soilsiú Poiblí |
| 4 | C3 | Suíomh gréasáin agus úsáid meán sóisialta na n-údarás áitiúil |
| 5 | M3 | Éilimh ar dhliteanas poiblí |
| 6 | M4 | Forchostais |

## Údaráis Áitiúla Bailíochtaithe in 2021 do

| Uimh. | An tÚdarás Áitiúil | Dáta |
|---|---|---|
| 1 | Comhairle Cathrach Chorcaí | 23 Meitheamh 2021 |
| 2 | Comhairle Contae Laoise | 25 Meitheamh 2021 |
| 3 | Comhairle Contae an Chláir | 13 Iúil 2021 |
| 4 | Comhairle Contae Cheatharlach | 21 Iúil 2021 |
| 5 | Comhairle Contae Thiobraid Árann | 21 Iúil 2021 |
| 6 | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | 28 Iúil 2021 |

Ba mhaith le NOAC buíochas a ghabháil le Rúnaíocht NOAC, le comhordaitheoirí údaráis áitiúil a d'eagraigh na cuairteanna agus leis na Príomhfheidhmeannaigh agus le foireann eile údaráis áitiúil a bhuail le baill NOAC le linn na gcuairteanna. Nótáil an tuarascáil go bhfuil NOAC sásta a bheag nó a mhór le bailíocht shonraí gach údaráis áitiúil. Tá an tuarascáil seo ar fáil ina hiomláine ag **www.noac.ie**

Tionóladh cruinnithe bailíochtaithe go cianda le sé údarás áitiúla. Rinne an próiseas measúnú ar chruinneas agus ar iontaofacht fo-thacar de shé tháscaire a roghnaigh na comhaltaí le haghaidh athbhreithniú dearbhaithe caighdeáin:

- H3 Meán-am le hAth-ligean ar Cíos agus Costais Dhíreacha;
- E1 Líon/Céatadán na n-áitreabh a bhfuil rochtain acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair;
- E6 Soilsiú Poiblí;
- C3 Suíomh gréasáin agus úsáid meán sóisialta na n-údarás áitiúil;
- M3 Éilimh ar Dhliteanas Poiblí; agus
- M4 Forchostais.

Roghnaíodh na táscairí go príomha chun tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a thiomsaíonn na húdaráis áitiúla na sonraí agus go háirithe an próiseas bailíochtaithe a chuireann údaráis áitiúla i bhfeidhm maidir le sonraí a chur ar ais mar chuid den phróiseas seo. Roghnaíodh na comhairlí seo a leanas agus ba iad seo a leanas dátaí na gcruinnithe:

- Comhairle Cathrach Chorcaí ar an 23 Meitheamh 2021;
- Comhairle Contae Laoise ar an 25 Meitheamh 2021;
- Comhairle Contae an Chláir ar an 13 Iúil 2021;
- Comhairle Contae Cheatharlach ar an 21 Iúil 2021;
- Comhairle Contae Thiobraid Árann ar an 21 Iúil 2021; agus
- Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar an 28 Iúil 2021.

Reáchtáil NOAC cruinnithe le Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil agus/nó lena bhFoireann Bainistíochta le aghaidh plé ginearálta ar fhadhbanna feidhmíochta ginearálta agus taithí leis na táscairí, an próiseas agus na torthaí. Thug na húdaráis áitiúla léargas gairid do na comhaltaí ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn na húdaráis agus ar a dtosaíochtaí agus a ndúshláin ar leith.

Aithníodh eiseamláirí dea-chleachtais in údaráis áitiúla sna sé chruinniú seo. Thug sé soiléireacht agus comhthéacs do na sonraí agus, i gcásanna áirithe, d'aithin sé sonraí míchearta a ceartaíodh ina dhiaidh sin.

Tar éis na sonraí a bheith dearbhaithe agus athbhreithniú a bheith déanta ar dhearbhú caighdeáin, d'ullmhaigh NOAC a thuarascáil agus d'fhoilsigh sé í ar an 30 Meán Fómhair.

## I measc na príomhtheachtaireachtaí 2020 tá:

**H3: Meán-Am Ath-ligin Cíosa agus Costas.** Is réimse dúshlánach é seo d'údaráis áitiúla cheana féin agus chuir tionchar Covid in 2020 brú breise ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht sa réimse seo.
Go náisiúnta, tá méadú tagtha ar an meán-am d'ath-ligean ó 28.17 seachtaine in 2019 go 32.96 seachtaine in 2020 agus tá méadú tagtha ar an meánchostas ath-ligin ó €18,336 go
€19,065. Is eol do NOAC, mar gheall ar an bpaindéim, gur mhéadaigh an costas a bhain le conraitheoirí a úsáid agus go bhféadfadh go raibh a t-am a thóg sé maoin a ath-ligean níos faide mar thoradh ar bhearta sláinte poiblí.

Is léir ó chuairteanna bailíochtaithe na bliana seo go bhfuil roinnt údarás áitiúil ag iompar sealúchas ar feadh tréimhsí fada ama, rud a d'fhéadfadh a bhfeidhmíocht fhoriomlán sa táscaire seo a chur trí chéile. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla, lena n-áirítear baic dhlí, a bheith leis an moill maidir leis na sealúcháis seo a thabhairt chuig an gcaighdeán gur féidir iad a ath-ligean.

**H6: Daoine Fásta gan Dídean.**
Tá sé mar phríomhthosaíocht ag údaráis áitiúla dul i ngleic le heaspa dídine agus tá sé sin dúshlánach bliain ar bith.Ba í 2020 an chéad bhliain ó d'fhoilsigh NOAC a chéad Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta in 2014 go raibh laghdú tagtha ar líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála agus ar líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach. Dheimhnigh na húdaráis chathrach ar fad laghdú sa dá chatagóir agus léirigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a chuireann figiúirí ar ais do na ceithre húdarás i mBaile Átha Cliath, an laghdú is mó sa dá cheann.
Tá suntas ar leith ag baint leis an laghdú atá déanta aige ar chéatadán daoine fásta gan dídean go fadtéarmach ó 68.04% in 2019 go 16.93% in 2020. Is tionchar dearfach ó Covid é an laghdú seo agus, mar thoradh ar bhearta sonracha a tugadh isteach, lena n-áirítear cosc ar dhíshealbhú tionóntaí agus acmhainn mhéadaithe leapa.

**E1 – Teaghlaigh a bhfuil Rochtain acu ar Sheirbhís 3 Bhosca Bruscair.**
I dtuarascálacha roimhe seo, bhí an céatadán de theaghlaigh a bhfuil rochtain acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair bunaithe ar fhigiúirí tí Dhaonáireamh 2016. Do thuarascáil 2020, leasaigh NOAC an táscaire seo chun céatadán na dteaghlach a thomhas bunaithe ar na daoine sin i gceirtleáin os cionn 500. Dá réir sin, níl torthaí na bliana seo inchomparáide leis na blianta roimhe seo. Chun aghaidh a thabhairt air seo, chuimsigh NOAC na figiúirí sa tuarascáil seo freisin, ag baint úsáide as an modheolaíocht roimhe seo chun cabhrú le feidhmíocht a chur i gcomparáid sa bhliain aistrithe seo. Rinneadh athbhreithniú ar an táscaire seo mar chuid de chuairteanna bailíochtaithe NOAC.

**L1: Leabharlanna.**
Léiríonn na figiúirí i dtuarascáil 2020 laghdú suntasach ar mheánlíon náisiúnta na gcuairteanna leabharlainne in aghaidh

an duine ó 3.57 in 2019 go 1.05 in 2020. Tharla an laghdú seo go díreach mar gheall ar dhúnadh na leabharlann an bhliain sin mar thoradh ar bhearta sláinte poiblí. Cé gur tháinig laghdú freisin ar an meán náisiúnta maidir le líon na n-earraí a fuarthas ar iasacht ó bheagnach 497,000 in 2019 go beagnach 347,000 in 2020, níl an titim chomh suntasach le líon na gcuairteanna. Rinne leabharlanna iarrachtaí suntasacha chun a láithreacht ar líne a mhéadú agus mhéadaigh dhá údarás áitiúla líon na n-earraí a fuarthas ar iasacht ó 2019.

**C3: Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta.**
Do thuarascáil 2020, rinne NOAC leasú ar an gcaoi a gcuirtear na figiúirí don táscaire seo i láthair. Sna blianta roimhe seo, thuairiscigh NOAC ar líon iomlán na n-amas agus líon iomlán na leantóirí. Leasaíodh é seo do thuarascáil 2020 agus tá na torthaí á gcur i láthair anois ar bhonn per capita chun sonraí níos úsáidí a sholáthar. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí comparáid níos mó a dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus ba cheart go bhféadfadh údaráis áitiúla réimsí ina bhféadfaí feidhmíocht a fheabhsú a shainaithint níos éasca. Mar gheall ar thionchar Covid, bhíothas ag súil le méadú ar úsáid suíomhanna gréasáin a reáchtálann údaráis áitiúla. Mar sin féin, mar gheall ar athrú ar pholasaí monatóireachta fianán le linn 2020, cuireadh srian ar an gcumas a bhí ag roinnt údarás áitiúil amais a rianú. Tugann sé seo míniú go páirteach ar an titim sna hamais náisiúnta ó 81 milliún in 2019 go 74 milliún in 2020. Mar sin féin, tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí meán sóisialta go náisiúnta ó 3.1 milliún in 2019 go 3.9 milliún in 2020. Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm, leag údaráis áitiúla béim níos mó ar fheabhas a chur ar an bhfáil a bhí ar sheirbhísí ar líne agus ar úsáid na meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal.

**M1: Iarmhéideanna an Chuntais Ioncaim.**
Mar gheall ar thionchar Covid, cuireadh tuilleadh brú ar airgeadas na n-údarás áitiúil in 2020. Tabhaíodh costais bhreise chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí agus chuaigh an laghdú ar ioncam rátaí i bhfeidhm go mór ar airgeadas údarás áitiúil d'ainneoin deontais a fuarthas ón rialtas láir. In 2020, thuairiscigh gach údarás áitiúil le heasnaimh go raibh na heasnaimh laghdaithe. Tá an t-easnamh foriomlán do na húdaráis seo laghdaithe ó €46 milliún in 2019 go €40 milliún in 2020.

**M3: Éilimh ar dhliteanas poiblí.**
Thug NOAC é seo isteach mar tháscaire nua do 2020. Tomhaiseann an táscaire costas per capita na n-éileamh árachais d'údaráis áitiúla thar thréimhse trí bliana. Bíonn tionchar ag costas an árachais agus an costas chun na héileamh a shocrú ar chistí atá ar fáil ag údaráis áitiúla chun seirbhísí eile a chur ar fáil. Bailíodh sonraí don táscaire seo ó údaráis áitiúla agus ó Chomhairlí Éireann (IPB). Ag na cuairteanna bailíochtaithe, luaigh NOAC an tábhacht a bhaineann le héilimh árachais a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a mhaolú a mhéid is féidir. Is féidir le héilimh mhóra aonair i mbliain ar leith an costas per capita d'údaráis áitiúla a chur trí chéile agus tá sé seo ábhartha go háirithe d'údaráis áitiúla níos lú.

**J1: Forbairt Eacnamaíoch.**
Mar atá leagtha amach i dtuarascáil 2019, le blianta beaga anuas bhí ról méadaithe ag údaráis áitiúla i bhforbairt eacnamaíoch trí chruthú na nOifigí Fiontair Áitiúla (LEO). Cuireann na LEO comhairle, eolas agus tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí atá ag tosú gnó agus ag forbairt gnó atá ann cheana féin. Tá 31 fhoireann ar fud líonra na n-údarás áitiúil. Ar bhonn náisiúnta, léiríonn torthaí na tuarascála laghdú suntasach ar líon na bpost a cruthaíodh in 2020 ar fud an 31 údarás áitiúil ar fad. Níl aon amhras ach go bhfuil an laghdú ar phoist a cruthaíodh mar thoradh ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid.

Tá an tuarascáil iomlán, preasráiteas, treoirlínte 2020 agus físeán Chathaoirleach an GO ar thuarascáil 2020, mar aon leis na tuarascálacha roimhe seo, ar fáil ar www.noac.ie

## Anailís ar Threochtaí

Chuir NOAC a sheachtú tuarascáil ar tháscairí feidhmíochta i gcrích ina thuarascáil 2020. Tugann an t-eolas a bailíodh thar an tréimhse seo neart deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí sna sonraí agus chun aird a tharraingt ar na hathruithe a tugadh faoi deara agus iad a phlé. Is féidir le hanailís treochtaí a bheith luachmhar mar tháscaire luathrabhaidh ar fhadhbanna féideartha. Is féidir leis freisin a thaispeáint cén áit a ndearnadh feabhsúcháin bliain ar bhliain. Seo thíos cuid de na treochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil:

## Tithíocht

Scrúdaíodh sonraí maidir le húinéireacht áitreabh don tréimhse 2017 go 2020 agus léirigh siad méadú 5.35% ar 'úinéireachtaí tús bliana' thar an tréimhse agus méadú 5.80% ar 'úinéireachtaí deireadh bliana' thar an tréimhse chéanna.

Tháinig laghdú 22% ar an meánchéatadán náisiúnta d'áitribh údaráis áitiúil a bhí folamh ag deireadh na bliana ó 2015 go 2017 agus ansin mhéadaigh sé 16.25% go 3.18% in 2020.

Ar an iomlán, ó 2014 go 2020 tháinig méadú 4.00% ar an am a glacadh chun áitreabh a ath-ligean. Mar sin féin, sa tréimhse ó 2017 go 2019, bhí sé tite go 28.99, 27.75 agus 28.17 seachtaine faoi seach. Ó 2014 go 2020, tháinig méadú 65.28% ar na costais a bhain le háitreabh a ath-ligean ar cíos.

Tháinig laghdú 11.98% ar an meánchaiteachas ar dheisiú agus ar chothabháil áitreabh le linn na tréimhse ó 2014 go 2020. Don tréimhse ó 2014 go dtí 2020, tháinig méadú 17.39% ar líon na dtionóntachtaí cláraithe.

## Bóithre

Fáiltíonn NOAC roimh an treocht a léiríonn go bhfuil céatadán an-ard, agus atá ag dul i méid, de bhóithre a bhfuil suirbhéireachtaí á ndéanamh orthu ach, nótáiltear gurb é ceanglas na Roinne Iompair 4 x 100% a bhaint amach do na tréimhsí sonraithe agus nach bhfuil sé seo bainte amach go fóill.

D'ardaigh ciliméadair na mbóithre réigiúnacha a treisíodh ó 362km in 2015 go 457km in 2020. Ar aon dul leis sin, d'ardaigh an méid a caitheadh ar obair threisithe bóithre réigiúnacha freisin ó €48,078,678 in 2015 go €99,083,705. Mhéadaigh ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athséalaíodh ó 350km go 505km.

Go náisiúnta tá méadú seasta tagtha ar idirbhearta mótarchánach ar líne, ó 57.76% in 2014 go 81.52% in 2020.

## Dramhaíl/Comhshaol

Rinne NOAC an táscaire seo do thuarascáil 2020 a leasú chun céatadán na dteaghlach a thomhas bunaithe orthu siúd i gceirtleáin de níos mó ná 500 in ionad fhigiúr teaghlaigh Dhaonáireamh 2016 mar a bhí sna blianta roimhe seo. Léiríonn an modh nua gur bhain 89.73% teaghlach i gceirtleán os cionn 500 leas as 3 sheirbhís bhruscair. Nuair a bhí sé bunaithe ar theaghlaigh de réir dhaonáireamh 2016, tháinig méadú ar an treocht gach bliain, ó 22.09% in 2014 go 48.22% in 2020.

Tá céatadán meánach limistéar an ÚÁ laistigh de na cúig leibhéal de shonraí faoi thruailliú bruscair comhsheasmhach don tréimhse 2014 go 2020 agus léiríonn sé go bhfuil go leor limistéar atá truaillithe de bheagán agus go measartha idir 70% agus 62% agus 16% agus 17% faoi seach. Mar sin féin, is beag cás de thruailliú suntasach ann le huasmhéid 2% in 2017. Tá méadú tagtha ar an leibhéal a bhaineann le heaspa iomlán truaillithe ó 10% go 22%.

Thit céatadán na scoileanna ar bronnadh stádas brataí glaise orthu ó 51.41% in 2018 go 41.83% in 2020.

## Pleanáil

Sa Chód Cleachtais chun Foirgnimh agus Oibreacha a Iniúchadh agus a Dheimhniú (An Cód) maidir le hiniúchtaí ar fhoirgnimh nua a bhfuarthas fógraí bailí tosaithe ina leith, leagtar síos íoscheanglas 12–15%. Ó 2015 i leith, tá laghdú tagtha ar an bhfigiúr meánach náisiúnta ó 24% in 2015 go 15.28% in 2020.

Ríomhann costas per capita tháscaire na seirbhíse pleanála costas per capita na seirbhísí a sholáthraíonn údaráis áitiúla a bhaineann le pleanáil agus taispeánann sé méadú foriomlán de 19.98% ó 2014 go 2020.

## Seirbhísí Dóiteáin

Mhéadaigh an costas in aghaidh an duine a bhaineann le Seirbhís Dóiteáin a reáchtáil thar an tréimhse ó 55.19% in 2014 go 62.69% in 2020.

Le haghaidh amanna dul i mbun gnímh maidir le heachtraí dóiteáin, léirigh na stáisiúin dóiteáin lánaimseartha agus na stáitiúin dóiteáin ar áirithíocht feabhsuithe beaga ar na hamanna. Tháinig feabhas 12 shoicind ar amanna stáisiúin lánaimseartha thar an tréimhse ó 2014 go 2020.

Do stáisiúin áirithíochta, tháinig feabhas 8 soicind thar an tréimhse chéanna. Le haghaidh amanna dul i ngníomh maidir le heachtraí eile, léirigh na stáisiúin dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha feabhsuithe beaga ar na hamanna.  Tháinig feabhas 20 soicind i gcás na stáisiún lánaimseartha agus 19 soicind i gcás na stáisiún áirithíochta le linn na tréimhse céanna.

## Seirbhísí Leabharlainne/Áineasa

Bhí tionchar ag na dúshláin a chuir Covid i láthair in 2020 ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil faoin táscaire seo.
Mar gheall ar bhearta sláinte poiblí, bhí ar leabharlanna dúnadh ar feadh tréimhse shuntasach ama. Ina dhiaidh sin, bhí an athoscailt ar bhonn acmhainneacht laghdaithe le rochtain theoranta. Tá sé seo le feiceáil sa laghdú suntasach de 70.59% ar chuairteanna leabharlainne in aghaidh gach duine den daonra ó 2019 go 2020.

## Óige/Pobal

Tháinig méadú ar an meánchéatadán náisiúnta de scoileanna áitiúla a bhí páirteach i Scéim Chomhairle Áitiúil na nÓg/Chomhairle na nÓg ó 51.86% go 63.29% le linn 2014 go 2020.

Mhéadaigh an meánchéatadán náisiúnta d'eagraíochtaí a bhí ar an gClár Contae ag deireadh na bliana a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Chuimsiú Sóisialta sa PPN ó 16.21% in 2019 go 16.33% in 2020.

## Corparáideach

Ó 2014 go 2020, tháinig laghdú 9.88% ar an meánchéatadán de laethanta oibre a cailleadh de bharr saoire breoiteachta deimhnithe.

Ó 2014 go 2019, tháinig méadú 76.84% ar úsáid suíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil thar an tréimhse iomlán, agus taifeadadh méaduithe gach bliain. Tá sé seo amhlaidh go dtí 2020 nuair a bhí titim 8.82% ann ó 2019.

Tá iarmhéid an chuntais ioncaim náisiúnta ar fud an 31 údarás áitiúil méadaithe ó €29.24m in 2016 go €62.79m in 2020. Is feabhas suntasach é seo thar an tréimhse.

Ó 2014 i leith, tá ardú 20.83% tagtha ar an meánchéatadán náisiúnta (%) de rátaí tráchtála a bailíodh sa bhliain go dtí 2019 agus ansin thit sé go 77.10% in 2020.

## Forbairt Eacnamaíoch

Ó 2014 i leith, tá laghdú suntasach 143% tagtha ar líon iomlán na bpost a cruthaíodh le cúnamh ó na LEO, le glanmhéid de -1,494 tar éis dó buaic de 3,656 a bhaint amach in 2018. Is féidir a rá gur mar thoradh ar Covid a tharla an laghdú seo. Tá méadú 1,035%, ó 1,141 go 12,946, tagtha ar líon iomlán náisiúnta na ndearbhán trádála ar líne atá ceadaithe ag na LEO ó 2016.

## Achoimre

Léirigh formhór na dtáscairí treochtaí le roinnt blianta anuas agus, astu sin, bhí a bhformhór dearfach. Léirigh roinnt táscairí, áfach, nach raibh treocht ná patrún ar bith leo. Tá NOAC sásta leis na feabhsuithe a thaispeántar i dtáscairí éagsúla. Sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar fheidhmíocht, bheadh NOAC ag súil go ndíreodh údaráis áitiúla ar fheidhmíocht a mhéadú sna réimsí seo agus an treocht aníos i réimsí eile a choinneáil ag an am céanna. Tuigeann NOAC an tionchar a bhí ag Covid ar údaráis áitiúla in 2020 agus an tionchar diúltach a bhí aige ar fheidhmíocht maidir le táscairí áirithe.

## An Seimineár ar Dhea-Chleachtas 2021

Reáchtáil NOAC an ceathrú seimineár ar Dhea-Chleachtas i Rialtas Áitiúil, ar an 9 Samhain 2021, i gCaisleán Chill Chainnigh.

Aithníonn NOAC go bhfuil údaráis áitiúla i gcónaí ag iarraidh nuálaíocht a dhéanamh i soláthar a gcuid seirbhíse agus ina rannpháirtíocht le saoránaigh. D'oscail Peter Burke, T.D., an tAire Stáit do Phleanáil agus Rialtas Áitiúil, sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an seimineár ar Dhea-Chleachtas, ar ócáid bhliantúil í anois. Áiríodh an seimineár den chéad uair mar chuid de sheachtain Nuálaíochta DPER agus reáchtáladh é ar an láthair agus go fíorúil.

Thaispeáin an ócáid seo, a d'eagraigh NOAC i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, raon nuálaíochtaí údaráis áitiúil i réimsí ar nós gníomhú ar son na haeráide, comhairliúcháin phoiblí agus idirghníomhaíocht leis na saoránaigh. Aithnítear go raibh go leor taithí phraiticiúil ag na húdaráis áitiúla ar shármhaitheas a léiriú agus go raibh sé cuí, agus go deimhin ríthábhachtach, go roinnfidís an t-eolas sin lena chéile. Ar an lá, d'aithin Cathaoirleach NOAC nach raibh sna tionscadail a roghnaíodh don seimineár ach sampla de na nuálaíochtaí a bhí ag tarlú ar fud na tíre.

Tá an t-imeacht ar cheann de na róil thábhachtacha ina bhfuil NOAC ag tacú le forbairt agus feabhsú an dea-chleachtais ag comhlachtaí rialtais áitiúil.
Ba é Brendan McGrath, Cathaoirleach Chumann Lucht Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a thug an ráiteas clabhsúir.

D'óstáil an seimineár na tionscadail a bhí ar taispeáint ag na húdaráis áitiúla i rith an lae:




Chuir **Comhairle Contae Mhaigh Eo** a hAip ar Chlár Tionchair Aimsire (WIRE) ar fáil. Úsáideann an aip uirlis bunaithe ar GIS le gur féidir le húdaráis áitiúla tionchair imeachtaí aimsire agus treochtaí aeráide ina gceantair a thaifeadadh agus a athbhreithniú. Cuireann sé sin bonn eolais faoi phleanáil oiriúnaithe aeráide sa todhchaí.

Thug **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** eolas don lucht féachana ar an URDF (An Ciste Athnuachana agus Forbartha Uirbí): Turas trí chomhoibriú, inar ghlac sí páirt i gcomhphlé le roinnt comhpháirtithe féideartha sa Chathair chun roinnt tionscadal nasctha agus idirnasctha a fhorbairt d'infheistíocht i ndlúthfhás sa chathair a nochtfaidh agus a thacóidh le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus a chuirfidh dlús faoi fhás comhtháite inbhuanaithe i gcroílár na Cathrach.

Chuir **Comhairle Contae na Mí** a cuid Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ag an Leibhéal Áitiúil i láthair. D'ainmnigh an Chomhairle Baile Átha Troim chun oibriú le 18 suíomh eile laistigh den Eoraip ar an tionscadal píolótach seo. Is éard atá i gceist leis ná oibrithe deonacha agus oibrithe pobail i mBaile Átha Troim ag cur a gcuid eolais áitiúil isteach sa tionscadal seo. Is é an cuspóir deiridh Plean Gníomhaíochta Comhtháite (IAP) a bhaint amach a d'fhéadfaí a mhacasamhlú ar fud bailte eile nó a mhéadú go leibhéal an chontae.

Bhain **Comhairle Contae Dhún Laoghaire -Ráth an Dúin (DLR)** leas iomlán as an Teicneolaíocht dá Phlean Forbartha Contae fíorúil. Is éard a bhí i gceist leis seo ná seomra fíorúil a bhunú chun comhairliúchán ar líne a éascú agus rochtain a fháil ar Dhréachtphlean Forbartha Contae DLR 2022 -2028. Thug sé seo deis dóibh siúd nach raibh in ann an plean a fheiceáil ar an láthair mar gheall ar shrianta Covid é a fheiceáil i leagan amach den chineál céanna ar líne.

Thaispeáin **Comhairle Contae an Longfoirt** an fhorbairt a rinne sí ar líonra de mhoil oibre tuaithe. Beidh siad seo ina bpríomhghné de phobail tuaithe inbhuanaithe agus bhríomhara a chruthú sa Chontae agus an deis a thabhairt do chomaitéirí agus do ghnólachtaí nuathionscanta/d'fhiontraithe athlonnú chuig spás oibre atá gar don áit ina bhfuil cónaí orthu.

Thug **Comhairle Cathrach Chorcaí** breac-chuntas ar fhorbairt sráid-dreach le freastal ar riachtanais ghnólachtaí agus phobail le linn Covid ag baint úsáide as struchtúir leathan comhpháirtíochta lena n-áirítear iompar, Gardaí, comhaltaí tofa agus eagraíochtaí ionadaíocha gnó. Bhí na hathruithe bunaithe ar phrionsabail chomhaontaithe agus mar thoradh air sin tá 17 sráid curtha in oiriúint do choisithe ar bhonn buan agus tá 4.7km de bhealaí rothaíochta curtha isteach.

Chuir **Comhairle Contae Fhine Gall** bota comhrá ar fáil chun eolas a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí maidir lena freagra ar Covid. Le linn tréimhse nuair a dúnadh oifigí don phobal, chuir an bota comhrá cainéal eile eolais ar fáil don phobal chomh maith leis an bhfón, an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta, agus gur bhain an tairbhe bhreise leis go raibh sé ar fáil ag an am agus san áit a bhí oiriúnach don saoránach.

Tá gach cur i láthair, físeáin agus sleamhnáin san áireamh, ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.noac.ie




## Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí 2020: Tuarascáil Uimhir 45

D'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód Caiteachais Phoiblí agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a fhaigheann maoiniú poiblí. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead nuair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) an ceathrú leagan de Riachtanais Dearbhaithe Caighdeáin (QA) an Chóid Chaiteachais Phoiblí (PSC) – Nóta Treorach don Earnáil Rialtais Áitiúil.

Ó tharla go dtagann maoiniú na n-údarás áitiúil ó roinnt foinsí, lena n-áirítear deontais ó roinnt Ranna Rialtais, cinneadh gur chóir go mbeadh Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil ar leith freagrach as na ceanglais dearbhaithe caighdeáin a chomhlíonadh agus gur chóir a gcuid tuarascálacha a chur faoi bhráid NOAC lena gcur san áireamh i dtuarascáil ilchodach don earnáil rialtais áitiúil.

Cuireadh amach an litir bhunaidh ar an 11 Márta 2021 chuig Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil agus iarradh orthu a dtuarascálacha Dearbhaithe Caighdeáin 2020 a chur isteach faoin 28 Bealtaine 2021. As an 31 údarás áitiúla, chuir 24 acu a dtuarascálacha isteach faoin spriocdháta. Cuimsíonn an riachtanas tuairiscithe maidir le Dearbhú Caighdeáin na cúig chéim seo a leanas:

1 Ba chóir d'údaráis áitiúla fardal a chur le chéile de thionscadail/chláir ag céimeanna éagsúla de Shaolré an Tionscadail, maidir le gach tionscadal caiteachais chaipitil agus reatha ar luach níos mó ná €0.5m.

2. A dheimhniú go bhfoilsítear eolas achomair ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil maidir le gach soláthar os cionn €10m a bhaineann le tionscadail atá ar siúl nó a cuireadh i gcrích le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus nasc a chur ar fáil chuig an suíomh gréasáin ábhartha.

3. Na seacht seicliosta sonraithe a chomhlánú. Ní theastaíonn ach seicliosta amháin de gach cineál in aghaidh an údaráis áitiúil agus ní ceann amháin in aghaidh gach tionscadal/clár. Beidh comhlánú na seicliostaí bunaithe ar shampla iomchuí de na tionscadail/réimsí caiteachais a bhaineann leis an seicliosta sin.

4. Athbhreithniú níos doimhne a dhéanamh ar thionscadail/chláir roghnaithe ionas go mbeidh, thar thréimhse 3-5 bliana, gach céim de shaolré an tionscadail agus gach scála de thionscadal faoi réir scrúdú níos grinne. Ní mór go léireodh tionscadail Ioncaim a roghnaítear le haghaidh grinn-athbhreithnithe 1% ar a laghad de luach iomlán na dtionscadal ioncaim ar fad san fhardal. Is é an ceanglas i leith tionscadail chaipitil ná 5% de luach iomlán na dtionscadal caipitil ar fad san fhardal.

5. Tuarascáil achomair ghairid a chur le chéile ina mbeidh an fardal, tagairt soláthair agus seicliostaí dá dtagraítear i gcéimeanna 1 go 3 agus breithiúnas an údaráis áitiúil maidir le leordhóthanacht an bhreithmheasa/na pleanála, obair fheidhmiúcháin nó athbhreithnithe a scrúdaigh sé mar chuid de chéim 4. Tá na cúiseanna a bhí leis an mbreithiúnas sin, agus a mholtaí chun aon easnaimh a fuarthas le linn an phróisis dearbhaithe caighdeáin ar fad a leigheas, ag teastáil freisin.

Dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh 28 Tuarascáil ar Dhearbhú Caighdeáin agus dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh Gníomhacha/Eatramhacha trí Thuarascáil ar Dhearbhú Caighdeáin. Ceanglaítear leis an gCód go bhfoilseofar na tuarascálacha ar Dhearbhú Caighdeáin ar shuíomh gréasáin na heagraíochta. Chomhlíon gach ceann den 31 údarás áitiúla é seo.

Thiomsaigh agus d'fhoilsigh GO4 an seachtú tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí don earnáil rialtais áitiúil i mí na Samhna 2021.

Tá an tuarascáil iomlán agus tuarascálacha na mblianta roimhe seo ar fáil ar www.noac.ie




# Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2019 – 2024: Tuarascáil Uimh. 46

Áirítear ar cheann d'fheidhmeanna reachtúla NOAC monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na bpleananna corparáideacha a ullmhaíonn an 31 údarás áitiúla agus na 3 Thionól Réigiúnacha. Agus é sin san áireamh, rinne NOAC athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha reatha na n-eagraíochtaí sin don tréimhse 2019 - 2024.

Ba é cuspóir an athbhreithnithe sin athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán na bpleananna reatha agus tacú le forbairt an dea-chleachtais maidir le pleananna amach anseo. Bunaíodh creat don athbhreithniú a chuimsigh réimsí le haghaidh feabhsúcháin a aithint agus samplaí de dhea-chleachtas faoi théamaí éagsúla laistigh de na pleananna.

Foilsíodh tuarascáil chríochnaitheach i mí na Samhna 2021. Chuimsigh sé athbhreithniú ar an bpróiseas chun na pleananna agus ábhar na bpleananna a fhorbairt.

Maidir leis an bpróiseas, breithníodh na réimsí comhairliúcháin réamhphlean agus monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm.
Rinneadh trácht sa tuarascáil freisin ar an gcaoi a ndearnadh na Pleananna Corparáideacha a chomhtháthú le polasaithe agus straitéisí eile an rialtais áitiúil chun a chinntiú go raibh naisc chuí ann.

Áiríodh san athbhreithniú ar an ábhar na físeanna a bhí leagtha amach agus an bealach a bhí siad sin le baint amach trí spriocanna sonracha. Dhéileáil sé freisin leis an gcaoi a raibh acmhainní airgeadais le cur ar fáil do na Pleananna agus leis an timpeallacht rioscaí.

Leagadh béim ar shamplaí sonracha de dhea-chleachtas faoi cheannteidil éagsúla, ionas go bhféadfaí iad seo a mhacasamhlú mar ba chuí i bpleananna corparáideacha amach anseo.

Measann NOAC go bhfuil an tuarascáil seo mar phríomh - aschur do 2021 agus tacaíonn sé tuilleadh le forbairt an dea-chleachtais i bpleanáil chorparáideach in údaráis áitiúla. Pléann NOAC na moltaí ag na cruinnithe grinnscrúdaithe le húdaráis áitiúla aonair.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar www.noac.ie

# Rannpháirtíocht NOAC

### Cruinniú leis an Tánaiste agus athbhreithniú ar na hOifigí Fiontair Áitiúla

Lean NOAC lena rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla ar fud na hearnála rialtais áitiúil. I measc na bpáirtithe leasmhara sin tá na hOifigí Fiontair Áitiúla (LEO), atá ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na n-údarás áitiúil.

Agus é sin san áireamh, i mí Eanáir 2021, bhuail Cathaoirleach NOAC, Michael McCarthy, leis an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE), Leo Varadkar T.D. Ag an gcruinniú, mhínigh NOAC a fheidhmeanna agus a shainchúram agus thagair dá fhoilsiú de thuarascálacha bliantúla ar Tháscairí Feidhmíochta na n-údarás áitiúil agus de thuarascálacha an tSuirbhé ar Shástacht Custaiméirí a chuireann eolas mionsonraithe ar fáil faoi obair na n-údarás áitiúil maidir le fiontraíocht áitiúil agus na hOifigí Fiontair Áitiúla.

Thug NOAC breac-chuntas ar bhealaí ina leanfaidh sé ar aghaidh ag soláthar ról tábhachtach maoirseachta ar ghníomhaíochtaí údaráis áitiúil don todhchaí. Go deimhin, tá tús curtha aige lena phróiseas scrúdaithe ar na hOifigí Fiontair Áitiúla agus tá ceistneoir curtha le chéile aige chun pictiúr níos iomláine a fháil ar a gcuid oibre. Eiseofar an ceistneoir seo in 2022 agus nuair a gheofar an t-eolas ábhartha, déanfar iniúchadh níos doimhne ar an réimse seo.

### Cruinniú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

I mí Feabhra 2021, tugadh cuireadh d'ionadaí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) freastal ar chruinniú de chuid Bhord NOAC.

Rinne oifigeach DPER cur i láthair inar leagadh amach na dúshláin don rialtas ó Covid agus ón mBreatimeacht.

Sa chur i láthair tugadh na príomhghnéithe de cháinaisnéis 2021 agus den easnamh réamh-mheasta mar chéatadán den olltáirgeacht intíre.

Bhí an cruinniú tábhachtach do NOAC chun tuiscint níos leithne a thabhairt dó ar an gcaoi a seasann rialtas áitiúil i measc iliomad páirtithe leasmhara eile agus chun saincheisteanna airgeadais a bhaineann leis an earnáil a phlé.

### Cruinniú leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)

In Aibreán 2021, bhuail Cathaoirleach NOAC le hionadaithe ón LGMA. In 2020, bhí clár 3 bliana de Shuirbhéanna Sástachta maidir le húdaráis áitiúla curtha i gcrích ag NOAC, chomh maith leis an tuarascáil ghrafaice eolais 3 bliana a ghabhann leis.

Comhaontaíodh go nglacfadh an LGMA ceannas ar fhorbairt an gcéad Suirbhé Sástachta eile.

Tháinig NOAC agus an LGMA le chéile chun todhchaí na dtuarascálacha seo a phlé. Theastaigh ó NOAC ról maoirseachta a choinneáil i soláthar an tsuirbhé seo mar gheall ar a shainchúram reachtúil agus ar a thaithí sa réimse seo. Leanann NOAC de bheith ag plé leis an LGMA de réir mar atá an tuarascáil ag dul chun cinn.

### Tuilleadh cruinnithe

I rith na bliana agus chun sainchúram NOAC a chur chun cinn, bhí cruinnithe ag an gCathaoirleach le páirtithe leasmhara éagsúla eile, lena n-áirítear roinnt Seanadóirí agus Airí Stáit ina cháil mar Chathaoirleach ar NOAC.

# Acmhainní agus Caiteachas

**Faigheann NOAC tacaíocht ó Rúnaíocht, le foireann de chúigear mar choibhéis lánaimseartha. Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an fhoireann ar fáil. Mar sin féin, bhí folúntas lánaimseartha ag an Rúnaíocht ag an leibhéal sinsearach don chuid is mó de 2021.**

Tacaíonn na baill foirne seo le NOAC agus déanann siad bainistiú ar a chlár oibre, mar aon le dualgais eile. Maoinítear NOAC ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ba é €350,000 a leithdháileadh ón gCiste sin in 2021.

## Caiteachas

Ba é €138,538.74 caiteachas NOAC do 2021 agus tabhaíodh é mar seo a leanas;

**Buiséad 2021 - €350,000.00**

| Caiteachas | Méid |
|---|---|
| Táillí Comhaltaí (ÁSPC san áireamh) | €68,124.36 * |
| Taisteal agus Cothú | €7,384.39** |
| Taighde | €28,796.02 |
| Clódóireacht agus Foilsitheoireacht | €17,431.90 |
| Ceardlanna NOAC | €9,942.73 |
| Cumarsáid | €6,480.04 |
| Eile (Costais Ilghnéitheacha) | €379.30 |
| | Caiteachas |
| **IOMLÁN** | **€138,538.74** |

Measann na comhaltaí gur léargas fíor agus cothrom é an ráiteas caiteachais seo ar chaiteachas NOAC le linn 2021.

** Is iad na táillí bliantúla atá iníoctha le comhaltaí NOAC, gan Oifigeach an Aire san áireamh, ná: Comhalta: €7,695. Cathaoirleach: €11,970.*

*** Íoctar costais taistil agus chothabhála a thabhaítear ag rátaí caighdeánacha na státseirbhíse.*

# Aguisíní

## Aguisín 1:

### Tinreamh ag Cruinnithe Boird NOAC

| Comhalta | 19/01/2021 | 23/02/2021 | 23/03/2021 | 27/04/2021 | 25/05/2021 | 20/07/2021 | 07/09/2021 | 02/11/2021 | 07/12/2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Michael McCarthy | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 9 |
| Constance Hanniffy | ✔ | ✔ | ✖ | ✔ | ✖ | N/A | N/A | N/A | N/A | 3 |
| Declan Breathnach | N/A | N/A | N/A | N/A | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | 4 |
| Martina Moloney | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | N/A | N/A | N/A | N/A | 5 |
| Noel Harrington | N/A | N/A | N/A | N/A | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | 4 |
| Ciaran Hayes | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4 |
| Margaret Lane | ✔ | ✖ | ✔ | ✔ | ✖ | ✖ | ✔ | ✔ | ✖ | 5 |
| Niall Quinn | ✔ | ✔ | ✖ | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | ✔ | ✔ | 7 |
| Brian Cawley | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | ✔ | 8 |
| Philomena Poole | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | 3 |
| Mary Hurley | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ | ✖ | 7 |

# Aguisín 2:

## Téarmaí Tagartha NOAC

Bunaíodh NOAC faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 (an tAcht) (arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014) le héifeacht ón 1 Iúil 2014. Tá córas rialachais chorparáidigh glactha ag NOAC i gcomhréir le dea-chleachtas.

Is é cuspóir an doiciméid seo ná téarmaí tagartha NOAC a leagan amach. Tá na téarmaí tagartha seo, a cheadaigh NOAC ar an 4 Iúil 2017, i bhfeidhm ón 1 Iúil 2017.

### 1. Ballraíocht

Is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a cheapfaidh comhaltaí NOAC de réir alt 126H den Acht. 6 comhaltaí ar a laghad a bheidh ar an gCoimisiún.

Níl sé de cheart ach ag comhaltaí NOAC freastal ar chruinnithe Boird. Mar sin féin, féadfar cuireadh a thabhairt d'fhoireann na rúnaíochta agus do dhaoine aonair eile freastal ar aon chruinniú nó ar chuid de, de réir mar is cuí nó nuair is gá.

Mairfidh ceapacháin chuig NOAC ar feadh tréimhse suas le 5 bliana, ar féidir síneadh a chur léi ar feadh tréimhse amháin eile suas go 5 bliana.

Nuair a bheidh an Cathaoirleach as láthair, comhaontóidh na comhaltaí eile a bheidh i láthair duine dá líon chun a bheith ina gcathaoirleach ar an gcruinniú.

### 2. Rúnaíocht NOAC

Cinnteoidh rúnaíocht NOAC go bhfaighidh na comhaltaí eolas agus páipéir in am le gur féidir machnamh iomlán cuí a dhéanamh ar na saincheisteanna.

Tá an rúnaíocht freagrach freisin as comhaltaí nua NOAC a ionduchtú go foirmiúil agus meantóireacht a eagrú do chomhaltaí nuair is gá.

### 3. Córam

4 comhaltaí an córam is gá chun gnó a dhéanamh. Beidh cruinniú a thionólfaidh NOAC go cuí, ag a mbeidh córam i láthair, inniúil chun gach ceann nó aon cheann de na húdaráis, na cumhachtaí agus na discréidí is infheidhmithe ag NOAC a fheidhmiú.

### 4. Minicíocht na gCruinnithe

Tiocfaidh NOAC le chéile 8 n-uaire sa bhliain ar a laghad, agus de réir mar is gá.

### 5. Fógra faoi Chruinnithe

Déanfaidh an rúnaíocht cruinnithe NOAC a ghairm ar iarratas ón gCathaoirleach.

Más féidir ar chor ar bith é, déanfar fógra faoi gach cruinniú ina ndeimhneofar an t-ionad, an t-am agus an dáta, mar aon le clár oibre na míreanna atá le plé, a chur ar aghaidh chuig na comhaltaí tráth nach déanaí ná dhá lá oibre roimh dháta an chruinnithe.
Cuirfear páipéir thacaíochta chuig na comhaltaí ag an am céanna.

### 6. Miontuairiscí Cruinnithe

Déanfaidh an rúnaíocht miontuairiscí a ghlacadh ar na himeachtaí, ar phlé agus ar chinntí chruinnithe uile NOAC, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a bheidh i láthair a thaifeadadh.

Scaipfear miontuairiscí chruinnithe NOAC ar gach comhalta lena gceadú ag an gcéad chruinniú eile NOAC.

## 7. Dualgais

Is í an rúnaíocht a reáchtálfaidh NOAC ó lá go lá agus tabharfaidh sí tuairisc ar an obair trí ríomhphost agus ag cruinnithe NOAC, de réir mar is cuí.

Tabharfaidh na comhaltaí comhairle agus tacaíocht don rúnaíocht.

Deimhneoidh NOAC dó féin go bhfuil na rialuithe airgeadais agus na córais bainistithe riosca láidir agus inchosanta.

Coinneoidh NOAC é féin cothrom le dáta agus go hiomlán ar an eolas faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a mbíonn éifeacht acu air agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

Cinnteoidh NOAC go bhfaighidh comhaltaí litir fhoirmiúil cheapacháin nuair a cheaptar iad, ina leagfar amach go soiléir a bhfuiltear ag súil leis uathu ó thaobh ama, seirbhís foghrúpa agus rannpháirtíocht lasmuigh de chruinnithe NOAC.

Féadfaidh NOAC, ó am go ham, cibé foghrúpaí de chuid NOAC is gá a bhunú chun cuidiú leis a chuid dualgas a chomhlíonadh. D'fhéadfadh comhaltaí nach comhaltaí de NOAC iad a bheith san áireamh leo má tá sainscileanna ag teastáil. Sa chás go gcuirtear foghrúpa i bhfeidhm:

- sonrófar na téarmaí tagartha i scríbhinn agus ceadóidh NOAC iad agus déanfar iad a athbhreithniú go bliantúil;
- Ceapfaidh NOAC, ar ainmniú an Chathaoirligh, a chomhaltaí;
- Gheobhaidh NOAC tuarascálacha ón bhfoghrúpa ina léirítear an ghníomhaíocht a dhéanann an grúpa;
- cuirfear na prótacail ar fad a bhaineann le hoibriú NOAC i bhfeidhm maidir le foghrúpa;
- scaipfear nótaí chruinnithe an fhoghrúpa ar chomhaltaí uile NOAC.

Déanfaidh NOAC athbhreithniú ar thorthaí a phróisis meastóireachta feidhmíochta a bhaineann le comhdhéanamh NOAC agus le rialachas corparáideach i gcoitinne.

Déanfaidh NOAC athbhreithniú leanúnach ar fhorbairtí rialachais chorparáidigh (lena n-áirítear nithe a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcomhlacht Stáit, agus é mar aidhm aige a chinntiú go leanann a pholasaithe agus a chleachtais rialachais chorparáidigh de bheith i gcomhréir le dea-chleachtas.

Cinnteoidh NOAC go gcloífear leis na prionsabail agus na forálacha atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (agus aon chóid rialachais chorparáidigh eile a bhaineann leis).

## 8. Freagrachtaí maidir le Tuairisciú

Coinneoidh NOAC an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an eolas, lasmuigh de chleachtas na Tuarascála Bliantúla, faoi ábhair shuntasacha a thagann chun cinn laistigh den chomhlacht Stáit.

## 9. Eile

Déanfaidh NOAC, uair sa bhliain ar a laghad, athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin, ar a bhunreacht agus ar a théarmaí tagartha chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú ag an leibhéal éifeachtachta is mó agus chun aon athruithe a mheasann sé is gá a chur i ngníomh.

## 10. Údarás

Tá údarás ag NOAC, ar a chostas féin, comhairle dhlíthiúil nó comhairle ghairmiúil eile a fháil i gcás ina measann na comhaltaí go bhfuil gá léi chun a bhfreagrachtaí mar chomhaltaí de NOAC a chomhlíonadh.

NOAC
National Oversight and Audit Commission